

# CATHAIR AMHÁIN
# CONTAE AMHÁIN
# PORT LÁIRGE AMHÁIN

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

## RÉAMHRÁ



Is iomaí athrú suntasach a tharla i gComhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in 2018, agus is iomaí cloch mhíle a baineadh amach a neartaigh creatlacha éagsúla ár gcontae. Leanamar de bheith rannpháirteach go gníomhach le grúpaí pobail ar fud an chontae, ag tacú le réimse éagsúil tionscnamh i gcomhar leis na pobail sin. Go luath in 2018, bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Fóram Phort Láirge um Lánpháirtiú Imirceach. An ról a bheidh ag an bhfóram seo ná rannchuidiú le straitéis um lánpháirtiú imirceach a fhorbairt don chontae uile. Táimid ag díriú, ní hamháin ar chontae uilechuimsitheach agus forásach a dhéanamh de Phort Láirge, ach ar áit don todhchaí a dhéanamh de freisin.

Is áit a bhfuil tóir ag gach daoine uirthi sinn i gcónaí. In 2018, thug 283,503 cuairt ar Rian Glas na nDéise. B'ardú suntasach é sin ar an mbliain roimhe. Tionóladh os cionn 20 imeacht, arna eagrú ag grúpaí éagsúla, ar feadh Rian Glas na nDéise. Ina measc bhí gach rud ó bhabhtaí rothaíochta carthanais agus leathmharatóin go seisiúin cheoil traidisiúnta na hÉireann agus léirithe cóir faoin aer. Thaifead Músaem na Seod Phort Láirge ardú 10.3% ar an líon cuairteoirí tráth ar thaifead Turasóireacht Éireann gur 6.9% a bhí san ardú náisiúnta.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge fós ag déanamh infheistíocht mhór inár saoránaigh, idir óg agus aosta. Chuireamar lenár stoc tithíochta agus thugamar tacaíocht dár gcláir ealaíon, cultúir agus comhshaoil. I mo cháil mar Mhéara, bhí bród orm as an bhfreagra a thug Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar Stoirm Emma, nuair a sholáthraíomar seirbhísí 24/7 chun ár gcontae agus ár saoránaigh a choimeád sábháilte.

Is mian liom buíochas a ghabháil le muintir Phort Láirge as oibriú le hOifig an Mhéara, leis na hionadaithe tofa, leis an bPríomhfheidhmeannach Michael Walsh, leis an bhFoireann Bainistíochta agus le foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Is áit níos láidre é Port Láirge a bhuíochas don tacaíocht agus don chomhoibriú sin. Táimid muiníneach go leanfar le rath Phort Láirge: Cathair Amháin, Contae Amháin, Port Láirge Amháin.

**An Comhairleoir Declan Doocey**
**Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge**



Is mian liom an deis seo a thapú an Tuarascáil Bhliantúil 2018 do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus na gnóthachtálacha arna dtaifeadadh inti a chur i láthair. D'éirigh thar barr linn ár seirbhísí, lenar éascaíodh athruithe dearfacha ar fud an chontae uile, a chomhdhlúthú.

Chun fás ár ngeilleagair agus folláine ár saoránach, idir óg agus aosta, a chinntiú, tá sé ríthábhachtach go gcuirtear an réimse leathan seirbhísí a sholáthraímid ar fáil go héifeachtúlach agus ar bhealach forásach. Chuireamar go suntasach lenár stoc tithíochta agus leanaimid d'infheistíocht a dhéanamh inár bhforbairt thuaithe agus uirbeach. Táimid ag díriú ar áit atá uilechuimsitheach, forásach, fadbhreathnaitheach agus sábháilte a dhéanamh de Phort Láirge.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tiomanta do rath agus forbairt an réigiúin, mar a fheictear ina hiarrachtaí leanúnacha maidir le hinfheistíocht a mhealladh. Mar chuid den obair a tugadh chun críche in 2018 ar chlár ollmhór athnuachana uirbí, infheistíodh os cionn €17.3m i lár na cathrach. Tá roinnt tionscnamh tugtha chun críche ag an gComhairle freisin i bpobail thuaithe faoin tionscadal FLAG agus faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte. Táimid cúramach ag an am céanna, áfach, a chinntiú go gcuirtear béim mhór ar shaibhreas cultúir na háite a shainaithint agus a cheiliúradh trí bhíthin an iliomad scéim oidhreachta ar fud an chontae.

Tharla roinnt imeachtaí drochaimsire arís i mbliana, mar shampla Stoirm Emma. Níorbh fhéidir na bóithre a úsáid agus cruthaíodh go leor dúshlán do Chathair agus Contae Phort Láirge. Tugadh deis dúinn, mar sin féin, láidreachtaí na Comhairle a fheiceáil agus daoine ag obair gan staonadh, lá agus oíche, chun sábháilteacht agus téarnamh Phort Láirge a chinntiú. Tionóladh cuimhneacháin chéad bliain freisin i mbliana in ómós bheirt saoránach mór le rá as Port Láirge; John Redmond agus Cathal Brugha. Cuireadh i gcuimhne dúinn meas a léiriú ar an méid a baineadh amach san am atá caite, é a cheiliúradh agus foghlaim uaidh, fad a chuirimid fáilte roimh an iliomad deiseanna a bheidh ar fáil dúinn sa todhchaí. Leanfaimid orainn agus bród orainn as seirbhís a thabhairt mar Chontae amháin, mar Chomhairle amháin agus mar Phort Láirge amháin.

**Michael Walsh**
**Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge**

Ár misean ná an áit is fearr is féidir a dhéanamh de Phort Láirge dá mhuintir ar fad agus do na daoine ar mian leo cónaí, oibriú nó infheistiú anseo nó cuairt a thabhairt orainn.



**DO CHOMHAIRLE** 4
Méaraí agus Cathaoirligh 6
An Chomhairle Iomlánach 7
Príomhoifigigh 8
Coistí um Polasaí Straitéiseach 9

**DAOINE AGUS POBAIL** 15
Cumarsáid le Custaiméirí 16
Saoráil Faisnéise 17
Oifig na Gaeilge 18
Bainistiú Cartlann agus Taifead 20
Éachtaí na nÓg 23
Seirbhísí Pobail agus Spóirt 24
Tithíocht 30

**CULTÚR FÁIS A CHRUTHÚ** 33
Forbairt Eacnamúil 35
Oifig Fiontair Áitiúil 37
Bainistiú Lár na Cathrach agus na mBailte 38
Turasóireacht 39
Seirbhísí Cultúir 41
Seirbhísí Leabharlainne 43
Imeachtaí 44
Pleanáil 46


**BUNSRAITH LÁIDIR** 47
Bainistiú Maoin Sealbhais 48
Seirbhísí Éigeandála 49
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht 51
Imeachtaí Aimsire Crua 53
An Comhshaol 56
Seirbhísí TF 65

**CÚRSAÍ AIRGEADAIS** 67
Ráiteas Airgeadais Bliantúil 68
Tinreamh agus Speansais Comhairleoirí 69

Deartha ag www.redheavendesign.com

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# DO CHOMHAIRLE



"Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tiomanta feabhas a chur ar leas Phort Láirge. Feidhmíonn an eagraíocht le luachanna an daonlathais, an chuimsithe, an ionracais, na cáilíochta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. Tugaimid tús áite do na daoine agus táimid tiomanta raon leathan seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil agus go héifeachtach. Feidhmíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi chreat raon leathan reachtaíochta agus rialachán lena rialaítear an tslí a ndéanamid gnó."

# MÉARAÍ AGUS CATHAOIRLIGH





**An Comhairleoir**
**Declan Doocey**

Méara Chathair agus Contae Phort Láirge



**An Comhairleoir**
**John O'Leary**

Léas-Mhéara Chathair agus Contae Phort Láirge



**An Comhairleoir**
**Joe Kelly**

Méara Dhúiche Chathrach Phort Láirge



**An Comhairleoir**
**Blaise Hannigan**

Léas-Mhéara Dhúiche Chathrach Phort Láirge



**An Comhairleoir**
**John Pratt**

Cathaoirleach Thoghcheantar Dhún Garbhán agus an Leasa Mhóir



**An Comhairleoir**
**Damien Geoghegan**

Leas-Chathaoirleach Thoghcheantar Dhún Garbhán agus an Leasa Mhóir



**An Comhairleoir**
**Ray Murphy**

Cathaoirleach Thoghcheantar an Chomaraigh



**An Comhairleoir**
**Michael J Ryan**

Leas-Chathaoirleach Thoghcheantar an Chomaraigh

# COMHAIRLE IOMLÁNACH



| Comhairleoir | Toghcheantar | Comhairleoir | Toghcheantar |
|---|---|---|---|
| An Comhairleoir Liam Brazil (FG) | An Comarach | An Comhairleoir Jason Murphy (FF) | Cathair Phort Láirge Theas |
| An Comhairleoir Breda Brennan (SF) | Cathair Phort Láirge Theas | An Comhairleoir Ray Murphy (FF) | An Comarach |
| An Comhairleoir Sharon Carey (FG)* | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir Pat Nugent (FG) | Dún Garbhán / An Lios Mór |
| An Comhairleoir Declan Clune (SF) | An Comarach | An Comhairleoir Séamus O'Donnell (N.) | Dún Garbhán / An Lios Mór |
| An Comhairleoir Joe Conway (N.) | Trá Mhór & Cathair PL Thiar | An Comhairleoir John O'Leary (FF) | An Comarach |
| An Comhairleoir Tom Cronin (FF) | Dún Garbhán / An Lios Mór | An Comhairleoir Cha O'Neill (N.) | Cathair Phort Láirge Theas |
| An Comhairleoir John Cummins (FG) | Cathair Phort Láirge Theas | An Comhairleoir Michael J O'Ryan (FF) | An Comarach |
| An Comhairleoir DavyDaniels (N.) | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir Lola O'Sullivan (FG) | Trá Mhór & Cathair PL Thiar |
| An Comhairleoir Declan Doocey (FG) | Dún Garbhán / An Lios Mór | An Comhairleoir Seanie Power (FG) | An Comarach |
| An Comhairleoir PatFitzgerald (SF) | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir John Pratt (Lab) | Dún Garbhán / An Lios Mór |
| An Comhairleoir Damien Geoghegan (FG) | Dún Garbhán / An Lios Mór | An Comhairleoir Eamon Quinlan (FF) | Trá Mhór & Cathair PL Thiar |
| An Comhairleoir Jim Griffin (SF) | Trá Mhór & Cathair PL Thiar | An Comhairleoir Seán Reinhardt (N.) | Cathair Phort Láirge Theas |
| An Comhairleoir Blaise Hannigan (N.) | Trá Mhór & Cathair PL Thiar | An Comhairleoir Mary Roche (N.)** | Cathair Phort Láirge Thoir |
| An Comhairleoir John Hearne (SF) | Cathair Phort Láirge Theas | An Comhairleoir James Tobin (FF) | Dún Garbhán / An Lios Mór |
| An Comhairleoir Joe Kelly (N.) | Trá Mhór & Cathair PL Thiar | An Comhairleoir Siobhán Whelan (SF) | Dún Garbhán / An Lios Mór |
| An Comhairleoir Eddie Mulligan (FF) | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir Adam Gary Wyse (FF) | Cathair Phort Láirge Thoir |

*Comhthoghadh an Comhairleoir Sharon Carey ar an 8 Samhain 2018 i ndiaidh bhás an Comhairleora John Carey.
** Chuaigh An Comhairleoir Mary Roche ar scor ar an 30 Samhain 2018.

## Brústocaireacht a Rialáil

Ar thosach feidhme an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015, an 1 Meán Fómhair 2015, tá dualgas ar gach comhlacht poiblí a bhfuil Oifigigh Phoiblí Ainmnithe aige, faoi alt 6(4) den Acht liosta a fhoilsiú ina léirítear ainm, grád agus mionsonraí achomair faoi ról agus freagrachtaí gach "Oifigigh Phoiblí Ainmnithe" den chomhlacht. Tá dhá chuspóir ag an liosta:

**1)** Deis a thabhairt don phobal na daoine ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad a shainaithint; agus
**2)** Mar acmhainn do bhrústocairí atá ag seoladh tuairisceáin chuig an gClár agus a chaithfeadh foinse a fháil do mhionsonraí Oifigigh Phoiblí Ainmnithe.

| Príomhfheidhmeannach | |
|---|---|
| Michael Walsh | Príomhfheidhmeannach |

| Stiúrthóir Seirbhísí | |
|---|---|
| Fergus Galvin | Bóithre, Uisce agus Comhshaol |
| Ivan Grimes | Tithíocht, Pobal agus Seirbhísí Éigeandála |
| Bryan O'Kane | Ceann Airgeadais (Gníomhach) |
| Fearghal Reidy | Corparáideach, Cultúr, AD & Córais Faisnéise |
| Michael Quinn | Forbairt Eacnamúil agus Pleanáil & Leas-Phríomhfheidhmeannach |

| Oifigigh Shinsearacha | |
|---|---|
| Jane Cantwell | Leabharlannaí Cathrach agus Contae |
| Frances Connolly | Cigire Tréidliachta |
| John Croke | Innealtóir Cónaitheach Tionscadail |
| Niall Curtin | Príomhoifigeach Dóiteáin |
| Billy Duggan | OFS um Fhorbairt Eacnamúil |
| Ian Fitzpatrick | OFS Soláthair |
| Catherine Horan | Ceann Chórais Faisnéise |
| Carmel Hourigan | OFS Acmhainní Daonna |
| Gabriel Hynes | Innealtóir Sinsearach, Bóithre |
| Paul Johnston | Innealtóir Cónaitheach Sinsearach, Tithíocht |
| Rupert Maddock | Ailtire Sinsearach |
| Pat McCarthy | Innealtóir Sinsearach, Uisce |
| Eamonn McEneaney | OFS Músaem na Seod Phort Láirge |
| Raymond Moloney | OFS um Chomhshaol |
| Donal Murphy | Cuntasóir Airgeadais |
| Jim O'Mahony | Pleanálaí Sinsearach |
| Joe Sullivan | OFS um Thithíocht |
| Don Tuohy | OFS um Phobal |
| Richard Walsh | Ceann OFÁ |

# COISTÍ UM POLASAÍ STRAITÉISEACH



**Is éard atá i (CPSanna) coistí údarás áitiúil i gComhairlí Cathrach agus Contae a bhfuil san áireamh ar a gcomhaltaí comhairleoirí tofa, ionadaithe gnó, leasanna feirme, grúpaí caomhantais/comhshaoil, ceardchumainn agus comhaltaí pobail agus deonacha. Is é cúram na gCoistí um Polasaí Straitéiseach (CPSanna), mar choistí de chuid na comhairle, cúnamh agus comhairle a thabhairt don chomhairle maidir le polasaí a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú.**

Níl aon sainchúram orthu i ndáil le gnáthchúrsaí oibríochta maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá an córas CPS beartaithe deis a thabhairt do chomhairleoirí agus do leasanna earnála ábhartha bheith rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas ceapadh polasaí ó na luathchéimeanna ar aghaidh.

Feidhmíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 5 Choiste um Polasaí Straitéiseach (CPSanna), agus déanann an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha freastal ar gach ceann acu. Is í an Chomhairle a roghnaíonn Cathaoirligh na CSPanna ag an gCruinniú Cinn Bhliana. Is fochoistí de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad na CSPanna agus ní foláir dóibh déanamh de réir Bhuanorduithe agus rialacha nós imeachta na Comhairle.



**Stiúrthóir Seirbhísí**

Michael Quinn - Forbairt Eacnamúil & Pleanáil

**Comhairleoirí**

An Comhairleoir David Daniels
An Comhairleoir Eamon Quinlan
An Comhairleoir Eddie Mulligan
An Comhairleoir John Cummins
An Comhairleoir Liam Brazil
An Comhairleoir Lola O'Sullivan
An Comhairleoir Pat Fitzgerald
An Comhairleoir Pat Nugent

**Ionadaithe Earnála:**

David Lane – Ionadaí Ceardchumainn
Gerty Murphy – Ionadaí LRP (Earnáil Pobail & Deonach)
Mark Connors – Ionadaí Feirmeoireachta
Paul Nolan – Ionadaí Gnó
Garrett Wyse – Ionadaí LRP (Earnáil um Chuimsiú Sóisialta)

4 LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2018

| | |
|---|---|
| Feabhra 8 | Iúil 5 |
| M. Fómhair 6 | Samhain 7 |

**Doiciméid pholasaí ar cheadaigh an CPS iad lena nglacadh ag an gComhairle Iomlánach in 2018.**

- Scéimeanna Tacaíochta Eacnamúla

### Stiúrthóir Seirbhísí

Ivan Grimes – Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála

Fearghal Reidy – Corparáideach, Cultúr, AD & Córais Faisnéise

### Comhairleoirí

An Comhairleoir Tom Cronin (Cathaoirleach) M.F. 2016 – go dáta

An Comhairleoir John Pratt

An Comhairleoir John Carey (nach maireann)

An Comhairleoir John O'Leary

An Comhairleoir Blaise Hannigan

An Comhairleoir Damien Geoghegan

An Comhairleoir Laurence O'Neill

An Comhairleoir Breda Brennan

An Comhairleoir Sean Reinhardt

### Ionadaithe Earnála

Michael Farrell – (Cumann Fiadhúlra na hÉireann)

Rosemary Kennedy – (Club Siúlóide Chnoc Ráth Ó gCormaic)

Andrea Galgey i gcomharba ar Tony McSweeney (Cumann Shiondróm Down)

Jemma Mackey (SIPTU)

**4** LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2018

| | |
|---|---|
| Feabhra 8 | Bealtaine 10 |
| M. Fómhair 13 | Nollaig 13 |

## Stiúrthóir Seirbhísí

Fergus Galvin - Bóithre, Uisce agus Comhshaol

## Comhairleoirí

An Comhairleoir Blaise Hannigan (Cathaoirleach) /
An Comhairleoir Seamus O'Donnell (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Pat Fitzgerald
An Comhairleoir Ray Murphy
An Comhairleoir Joe Conway
An Comhairleoir Sean Reinhardt
An Comhairleoir Adam Wyse
An Comhairleoir Cha O'Neill
An Comhairleoir Joe Kelly

## Ionadaithe Earnála:

Tom O'Brien - Forbairt/Foirgníocht
George Kehoe - Gnó/Tráchtáil
Alan Walshe (D'éirigh as i nDeireadh Fómhair 2018) - Comhshaol
Tony McSweeney - Cuimsiú Sóisialta
James Coughlan/Elaine Mullan - Pobal agus Deonach

4 LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2018

Márta 27
Meitheamh 13
D.Fómhair 19
Nollaig 5

**Is é ról an CPS Iompair agus Bonneagair cabhrú leis an gComhairle polasaí a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Rinneadh athbhreithniú agus plé ar na polasaithe/fodhlíthe seo a leanas agus cuireadh ar aghaidh iad nuair ba ghá:**

- Páirceáil Veaineanna Campála
- Cosc ar fheithiclí 5-acastóra i nDún Garbhán
- Toghcheantar Dhún Garbhán/Leasa Móire: Rialú ar Fhodhlíthe Páirceála 2018
- Athbhreithniú ar Stadanna Tacsaithe sa Chathair
- Comhoibriú le Comhaontas Aoisbhá Phort Láirge agus Local Link ar Pháirceáil /Stadanna agus Scáthláin Bhus Aoisbhácha agus ar chúrsaí páirceála.

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Fergus Galvin - Bóithre, Uisce agus Comhshaol

**Comhairleoirí**

An Comhairleoir Declan Clune, Cathaoirleach
An Comhairleoir Sharon Carey – Ceapadh Nollaig 2018
An Comhairleoir Declan Doocey
An Comhairleoir Jim Griffin
An Comhairleoir John Hearne
An Comhairleoir Mary Roche – D'éirigh as i Samhain 2018

**Ionadaithe Earnála:**

Mr. Peter Kiely – Ionadaí feirmeoireachta
Ms. Michelle Tubbritt – Ionadaí Chuimsiú Sóisialta – Ceapadh i Meitheamh 2018
Mr. Peter O'Connor – Ionadaí Comhshaoil
Ms. Bríd O'Hehir – Ionadaí Pobail & Deonach

**4** LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2018

Aibreán 12
Meitheamh 26
M.Fómhair 12
Samhain 27

**Pléadh na nithe seo, i measc rudaí eile:**

- Fodhlíthe um Rialú Capall
- Cur i láthair na bhFodhlíthe um Dhramhaíl
- Pleananna Pailneoirí, Straitéis Oiriúnaithe Aeráide
- Tionscnaimh Fhrith-dhumpála
- Rialú Madraí/NDL

**Ceadaíodh Dréacht-Fhodhlithe Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge (Deighilt, Stóráil & Cur i Láthair Dhramhaíl Tí & Tráchtála) 2018 lena gcur faoi bhráid na Comhairle iomlánaí chun iad a fhaomhadh & a thaispeáint go poiblí.**

**Doiciméid pholasaí a cheadaigh an CPS lena nglacadh ag an gComhairle:**

- Fodhlíthe Leasaithe um Rialú Capall
- Dréacht-Fhodhlithe Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge (Deighilt, Stóráil & Cur i Láthair Dhramhaíl Tí & Tráchtála) 2018

**Tuarascálacha a bhreithnigh an CPS**

- Criosanna gan Phóstaeir Toghcháin/Reifrinn
- Plean Pailneoirí Glasbhealaigh
- Tionscnaimh Fhrith-dhumpála
- Bunachar Sonraí Náisiúnta Madraí
- Plean Bainistithe Abhantrach 2018-2021

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Michael Quinn – Forbairt Eacnamúil & Pleanáil

**Comhairleoirí**

An Comhairleoir Liam Brazil
An Comhairleoir James Tobin
An Comhairleoir Joe Conway
An Comhairleoir Jason Murphy
An Comhairleoir M.J. O'Ryan
An Comhairleoir Seanie Power
An Comhairleoir Siobhán Whelan

**Ionadaithe Earnála:**

John Galloway - Comhshaol
Anne Marie Rossiter - Gnó
John O'Donnell - Pobal & Deonach
John Fitzgerald - Feirmeoireacht
Dónal Lehane - Cuimsiú Sóisialta

**4 LÍON CRUINNITHE A TIONÓLADH IN 2018**

| | |
|---|---|
| Feabhra 6 | Bealtaine 8 |
| Samhain 7 | Nollaig 11 |

**Príomhshaincheisteanna a bhreithnigh an CPS in 2018:**

- Athrú ar na Pleananna Forbartha – Polasaí ar Chóiríocht Turasóireachta
- Straitéis Spáis & Eacnamaíochta Réigiúnach (SSER)
- Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Cathrach & Contae:
  - Tacú le gníomhaíochta eacnamaíochta agus fostaíocht i bPort Láirge
  - Straitéis Lonnaíochta Phort Láirge
  - Straitéis um Athrú Aeráide

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# DAOINE AGUS POBAIL

# CUMARSÁID LE CUSTAIMÉIRÍ



**80,927**
GLAOCH GUTHÁIN AR 0761 102020 IN 2018


**125,000**
2018 – caidreamh pearsanta in oifigí Phort Láirge & Dhún Garbhán

**6,927**
Cás Custaiméara (CRM) taifeadta & leanta gach bliain

## LÁITHREÁIN GRÉASAIN

**www.waterfordcouncil.ie**
Fás ollmhór ar gach méadrach in 2018.

| Líon na nAmharc ar Leathanaigh | Méadú ar 2017 | Cuairteoirí Fón Póca |
|---|---|---|
| 1,456,820 | 3% | 57% |
| | | 53% in 2017 |




Na 5 leathanach is mó a breathnaíodh orthu in 2017

1. FIOSRÚCHÁIN PHLEANÁLA AR LÍNE
2. LIGEAN ROGHABHUNAITHE
3. ÁR SEIRBHÍSÍ (LIOSTA)
4. LEATHANACH BAILE PLEANÁLA
5. FOLÚNTAIS

## NA MEÁIN SHÓISIALTA

Fuair leathanach Facebook Chathair agus Contae Phort Láirge **1940 'is maith liom' nua (ardú 23%) in 2018. Bhí ardú os cionn 25%** ar líon na leantóirí; **3.6% an meánráta rannpháirtíochta le postálacha.**

**Is é @waterfordcouncil** hanla Twitter Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. **Tháinig laghdú 20% ar ghníomhaíocht** Twitter **in 2017 le 1643 tvuít.**

## DO CHEISTEANNA A FHREAGAIRT

**90** IARRATAS SF FAIGHTE IN 2018

| | | | |
|---|---|---|---|
| 57 DEONAITHE | 15 DEONAITHE I BPÁIRT | 10 DIÚLTAITHE | 8 TARRAINGTHE SIAR |

| Iriseoirí | Gnólacht | Oireachtas | Baill Foirne | Cliaint | Eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 34 | 2 | 1 | 0 | 6 | 43 |

## OIFIG AN CHOIMISINÉARA FAISNÉISE

**16** GHEARÁN

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5 | 8 | 2 | 1 |
| A bhain le gan freagra ar ghearán a fháil ó CCCPL | A bhain le cinntí tithíochta ó CCCPL | A bhain le cinntí/ gníomhartha a rinne CCCPL | A bhain le cúrsaí pleanála |

## ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Lean **Oifig na Gaeilge** ar aghaidh ag tacú le agus ag feabhsú seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi reachtaíocht eile agus faoi Scéim na Gaeilge 2015-2018 de chuid Údaráis Áitiúla Phort Láirge. I mí Lúnasa, chomhaontaigh an Chomhairle Scéim Ghaeilge nua don tréimhse 2018-2021 leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

In 2018, rinne an pobal líon iomlán de cheithre ghearán chuig Oifig an Choimisinéara Teanga i ndáil le seirbhísí arna gcur ar fáil ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge.

Bhain na gearáin le:

- Gaeilge ar chártaí vótála i rith an reifrinn
- Comharthaí ag Deasc Sheirbhísí do Chustaiméirí sa Chathair
- Freagraí uathoibríocha ar cheisteanna ar láithreán gréasáin na Comhairle
- Comharthaí sa Leabharlann Lárnach

Pléadh leis na gearáin sin go léir chun sástachta Oifig an Choimisinéara Teanga.

**Seachtain na Gaeilge & Bliain na Gaeilge:** Ghlac na céadta duine páirt in imeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla i rith Sheachtain na Gaeilge. Oifig na Gaeilge a chomhordaigh na himeachtaí sin, i gcomhar le Coiste Cúraim Leanaí Phort Láirge, Seirbhísí Leabharlainne Phort Láirge, Glór na nGael, WIT agus Músaem na Seod Phort Láirge.

D'eagraigh Oifig na Gaeilge deireadh seachtaine ar éirigh thar barr leis, **Dúnmharú sna Déise**, i nDún Garbhán mar phríomh-imeacht do Bhliain na Gaeilge/Éire Chruthaitheach. D'fhreastail na céadta ar chlár imeachtaí (i nGaeilge amháin agus dátheangach) a mhair ar feadh na deireadh seachtaine.. Ina measc bhí cainteanna, athachtú trial dúnmharaithe, scannáin, siúlóid threoraithe, seisiún amhrán traidisiúnta, scéalaíocht agus ceirdeanna do leanaí. Bhí na himeachtaí go léir bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar dhúnmharú agus rúin dhúnmharfacha.

## AN GHAEILGE AG FÉILTE

Leanadh le sraith léachtaí Oifig na Gaeilge, Tionól na nDéise, mar chuid d'Fhéile Tionól Nioclái Tóibín sa Rinn i mi Feabhra. Labhair an Dr. Breandán Ó Cróinín, léachtóir i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, faoin bhfile Piaras Mac Gearailt as Baile Mhac Óda.

D'óstaigh Oifig na Gaeilge ócáid scoir Fhéile Bia Phort Láirge Thiar i nDún Garbhán. Cór Fear na nDéise as An Rinn a chuir tús leis an gceiliúradh bríomhar ar amhráin, cheol agus chultúr na Gaeilge, i mBainlann Chúil na nGabhar.

## AN GHAELTACHT

Lean Cathrach agus Contae Phort Láirge ar aghaidh ag obair le pobal Ghaeltacht Chontae Phort Láirge i rith na bliana. Rinneadh sin trí bhíthin tacú le himeachtaí arna n-eagrú ag grúpaí pobail áitiúla sa cheantar agus trí bhíthin suí ar bhord an chomhlachta forbartha pobail áitiúla, **Comhlacht Forbartha na nDéise**. Cuireadh tús leis an obair ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga seacht mbliana, faoinar ceapadh Oifigeach Pleanála Teanga nua, Irial Ó Ceallaigh.

Lean an tOifigeach Gaeilge Máire Seó Breathnach i mbun seirbhíse ar bhord na gníomhaireachta forbartha stáit, **Údarás na Gaeltachta**, mar ainmní Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, agus d'fhóin sí freisin ar **Choiste Gaeilge Institiúid**

- ar lean

# OIFIG NA GAEILGE

## AN GHAELTACHT
-AR LEAN.

Teicneolaíochta Phort Láirge. Tuairiscíonn an coiste seo chuig an gComhlacht Rialála i ndáil le cur chun cinn na Gaeilge agus cur i bhfeidhm Scéim Gaeilge na hInstitiúide.

## SCOLÁIREACHT GHAELTACHTA

Bhí áthas ar Oifig na Gaeilge an chéad Scéim Scoláireachta Gaeltachta de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in 2018. Bronnadh scoláireachtaí i bpáirt ar Shaoirse Ní Chaoimh as an Pasáiste agus ar Megan Ní Ghrádaigh as Baile Mhac Cairbre chun freastal ar chúrsa samhraidh i gColáiste na Rinne, An Rinn i mí Iúil.

## DÚN GARBHÁN MAR BHAILE SEIRBHÍSE GAELTACHTA

Faoi Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, aithníodh Dún Garbhán mar cheann de na Bailte Seirbhíse Gaeltachta féideartha. Is comhalta den choiste nuabhunaithe, Coiste Dhún Garbhán le Gaeilge í an tOifigeach Gaeilge. Rinne an coiste iarratas ar stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus d'éirigh leis. Mar thoradh air sin, síníodh comhaontú le Foras na Gaeilge chun Plean Gaeilge do Dhún Garbhán a bhrú chun cinn agus a mhaoirsiú. Cuirfear tús leis sin in 2019.

## AN COISTE LOGAINMNEACHA

Cheadaigh Coiste Logainmneacha na Comhairle ainmneacha do shé fhorbairt tithíochta dhéag. Rinneadh sin i ndiaidh comhairliúcháin le forbróirí príobháideacha agus le Rannóg Tithíochta na Comhairle.

## TIONSCADAL SCOILEANNA AINMNEACHA PÁIRCEANNA

Rinne an tOifigeach Gaeilge agus Cartlannaí an Chontae an Tionscadal Scoileanna Ainmneacha Páirceanna a leathadh amach chuig ceithre scoil eile mar chuid de chlár na Comhairle, Éire Chruthaitheach. Leis an tionscadal seo, rinne leanaí bunscoile taighde ar ainmneacha páirceanna áitiúla agus ar logainmneacha eile ina gceantar. Mar chuid den tionscadal thug ealaíontóir cúnamh do na leanaí léirithe ealaíonta de na logainmneacha a chruthú. I measc na scoileanna a ghlac páirt ann bhí Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt, An Seanphobal; An Scoil Lárnach, Baile Mhac Cairbre; Scoil Náisiúnta Cheapach Choinn agus Scoil Náisiúnta Dhéagláin, Cathair Phort Láirge.


## DEIREADH SEACHTAINE DÚRÚIN DÚNMHARAITHE








Deireadh Seachtaine Dúrúin Dúnmharaithe (Dúnmharú sna Déise) i nDún Garbhán






Féach an pacáiste do scoileanna 'Port Láirge agus Olltoghchán 1918' anseo: https://bit.ly/2CxUMWn

Féach ar chlár seoladh leabhair Redmond anseo: https://bit.ly/2EfZHtS

Ba é 2018 **comóradh 100 bliain ar an Olltoghchán in Éirinn**, nuair a tugadh vóta do gach bean (30 bliana d'aois) agus do gach fear (21 bliana d'aois) chun an líon vótálaithe a mhéadú. Tionóladh caint dar teideal 'Did your Family member get to vote for the First Time in 1918?" ón gCartlannaí sa Leabharlann Lárnach agus i Leabharlann Dhún Garbhán ar an 6 Feabhra.Ba é sin cothrom an lae ar síníodh an reachtaíocht *Extension of the Franchise* ina dlí.

Leis na vótálaithe nua sin, toghadh iarrthóirí Shinn Féin agus as sin bunaíodh Dáil Éireann i mí Eanáir 1919. Bhí ról tábhachtach ag Port Láirge i dtoghchán 1918 agus ba é ceann den líon beag áiteanna in Éirinn ina toghadh comhalta de Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, an Captaen William Redmond, i ndiaidh feachtais fhoréignigh sa chathair.

Ag obair le Coiste Dheich mBliana na gCuimhneachán agus leis an Oifigeach Oidhreachta, bhí an tSeirbhís Chartlainne rannpháirteach i roinnt imeachtaí agus foilseacháin do Dheich mBliana na gCuimhneachán le tacaíocht mhaoinithe ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Ba é **comóradh 100 bliain ar bhás John Redmond**, TD do Chathair Phort Láirge agus ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann é freisin. Chun éachtaí John Redmond a cheiliúradh, sheol An tOllamh Roy Foster leabhar leis an Dr. Pat McCarthy, *The Redmonds and Waterford – A Political Dynasty 1891-1952* ar an 9 Márta. Tionóladh comhdháil dar teideal *The Redmondite Tradition* Dé Sathairn an 10 Márta i Halla na Cathrach, Port Láirge.

I measc na gcainteoirí bhí an tOllamh Roy Foster, an Dr. Pat McCarthy, Emmet O'Connor, an Dr. Eugene Broderick, Demot Meleady, Claire McGing agus John Bruton (iar-Thaoiseach agus Ambasadóir an AE chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Chun comóradh 100 bliain ar Ollthoghchán 1918 i gCathair agus Contae Phort Láirge a cheiliúradh, cuireadh pacáiste do scoileanna le chéile, "**Port Láirge agus Olltoghchán 1918**" agus cuireadh ar fáil ar líne é.

An 1 Nollaig, tionóladh comhdháil dar teideal **Waterford agus Cathal Brugha** sa Park Hotel, Dún Garbhán chun comóradh 100 bliain ar Olltoghchán 1918 agus ar thoghadh Chathail Bhrugha do Chontae Phort Láirge a cheiliúradh. Seán Ó Fearghaíl, Ceann Comhairle, Dáil Éireann, a thug an spreagaitheasc agus ar na cainteoirí eile bhí: An tOllamh Cathal Brugha; Mary MacDiarmada; an Dr. Pat McCarthy; an Dr. Will Murphy; an Dr. Ann Dolan; an Dr. Mary McAuliffe agus an Dr. Daithí Ó Corráin.



Cainteoirí leis an gCeann Comhairle




Lá Náisiúnta Cuimhneacháin i bPort Láirge
Íomhá le caoinchead John Power

# BAINISTIÚ TAIFEAD & CARTLANN

## AN FEACHTAS 'FIOSRAIGH DO CHARTLANN'

Mar chuid den fheachtas Fiosraigh do Chartlann, thug Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath an taispeántas **Jacobs Biscuits: An Assorted History** ar iasacht dúinn. Thosaigh Jacobs Biscuit Factory amach i bPort Láirge sular aistrigh sé go to Baile Átha Cliath.

Seoladh an taispeántas sa Leabharlann Lárnach an 5 Nollaig le caint ó Wendy Williams, a d'oibrigh le Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath roimhe seo.

## SEIRBHÍSÍ CUAIRTEOIRÍ




Tá an Chartlann ar an tSráid Ard, Cathair Phort Láirge oscailte don bpobal gach **Dé Máirt 10r.n. - 2i.n.** agus i nDún Garbhán **Dé hAoine 1-5i.n**. Ina theannta sin, féadfaidh taighdeoirí comhairle agus faisnéis a lorg ar an ríomhphost agus ar an teileafón. Tugadh freagra ar 122 iarraidh in 2018.

Cuireadh taispeántas beag in ómós T.F. Meagher i Músaem na Seod Phort Láirge don imeacht Phort Láirge 1848, a cuireadh moill air, i mí Dheireadh Fómhair 2018.

I mí na Samhna 2018, cuireadh taifid maidir le hinstitiúid charthanais Fanning i bPort Láirge ar ceannt agus cheannaigh Cartlann Chathair agus Chontae an t-ábhar sin do bhailiúcháin na Seirbhíse Cartlainne. Ghlac an Chartlann seilbh freisin ar thaifid ó Bhord Caomhnóirí an Leasa Mhóir, arna n-aistríodh ón gCartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

## BAINISTIÚ TAIFEAD

Leanadh leis an obair le gach rannóg chun feabhas a chur ar chleachtais bhainistithe taifead agus lena chinntiú go leanfar le taifid a aistriú chuig an Lárionad Taifead. Aistríodh boscaí ó Lárionad Taifead Dhún Garbhán go dtí stóras sa Lárionad Taifead méadaithe i gCarraig Phiarais.

# ÉACHTAÍ NA NÓG



Agus sinn ag bogadh go geilleagar eolasbhunaithe, tá **Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge** ag obair le cláir Éachtaí na nÓg chun cultúr fiontraíochta a chothú. An aidhm ná cabhrú le scoláirí áitiúla iad féin a réiteach don saol oibre agus scileanna cumarsáide a thabhairt dóibh chun iad a ullmhú d'agallaimh. A bhuíochas d'iarrachtaí deonacha 22 bhall foirne, tugadh deiseanna iontacha do scoláirí áitiúla.

**I RITH 2018:**

**7** Clár ionscoile curtha ar fáil

**2** Lá scoil-go dtí an obair curtha ar fáil (Scileanna Ratha do scoláirí Idirbhliana & Ár gCathair do ranganna a trí)

**10** Scoil áitiúil sroichte



## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

CUSPÓIR - TORTHAÍ 2017 A CHOTHABHÁIL & A SHÁRÚ

**Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta**
Líon cuairteoirí ar shaoráidí arna n-oibriú ag ÚÁ

| | |
|---|---|
| 2017 | 133,151 |
| 2018 | 154,368 |

**Táscairí Feidhmíochta**
Líon grúpaí cláraithe le LRP

| | |
|---|---|
| 2018 | 641 |

**Céatadán scoileanna áitiúla & grúpaí óige páirteach i gComhairle na nÓg**

90%

## SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

Tugadh tacaíocht do phobail trí bhíthin na **Scéime Deontais Pobail agus Spóirt** lena dtugtar cúnamh airgeadais do chlubanna spórt, cumainn áitritheoirí agus grúpaí pobail agus deonacha áitiúla le hinbhuanaitheacht a chinntiú. Bhí 365 iarratasóir incháilithe agus leithdháileadh €173,485 ar an tionscnamh sin in 2018.

Riar an Rannóg Pobail dhá scéim deontais nua in 2018. Faoin **gClár Feabhsúcháin Pobail** do limistéir faoi mhíbhuntáiste, leithdháileadh €394,081 ar thionscadail éagsúla ar feadh na cathrach agus an chontae.

365 IARRATASÓIR INCHÁILITHE

€173,485 LEITHDHÁILTE IN 2018

€394,081 CAITE AR LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE

Cuireadh tús le **Clár Feabhsaithe Bhothán na bhFear** chun cúnamh a thabhairt do thionscadail chaipitil do Bhotháin na bhFear atá cláraithe le Irish Men's Shed Association. Leithdháileadh €8,696 ar na sé ghrúpa cláraithe.

Lean an Rannóg Pobail ar aghaidh ag tacú le foirgnimh phobail a bhíonn in úsáid seasta ag pobail áitiúla.

Tá teist mhaith ag Port Láirge maidir le bheith rannpháirteach ag an Ócáid Bhronnta **Gradam um Mórtas Áite**. In 2018, rinne Arch Club Thrá Mhór agus Phort Láirge ionadaíocht ar Phort Láirge ag sna Gradaim um Mórtas Áite agus bhain siad dara háit amach sa chatagóir 'Tionscnamh Folláine Cruthaitheach'. Ionad Lae Dhún Garbhán buaiteoir foriomlán na nGradam LRP Port Láirge Pobal & Deonach 2018 agus déanfaidh ionadaíocht ar Phort Láirge sna Gradaim um Mórtas Áite 2019.

# SEIRBHÍSÍ SPÓIRT & POBAIL

## WATERFORD COMHAIRLE NA NÓG

Bliain láidir eile do **Chomhairle na nÓg Phort Láirge** a bhí in 2018. Chuir comhaltaí an príomhthionscadal, dar teideal 'Homelessness in Waterford' i láthair ag an gcruinniú chinn bhliana i mí Dheireadh Fómhair. Tharraing an tionscadal sin aird ar thábhacht na ceiste sóisialta náisiúnta seo. Tá 90% de na meánscoileanna agus clubanna óige áitiúla rannpháirteach i gComhairle Phort Láirge.

## LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Tháinig méadú ar an mballraíocht in 2018 agus tá 641 grúpa comhaltaí cláraithe leis an **LRP** anois. Tugadh an Rannóg Pobail maoiniú i bpáirt agus tacaíocht d'obair an LRP. Bhí an Chomhairle mar phríomhchomhpháirtí sna Gradaim Phobail bhliantúla – arna n-eagrú ag an LRP – lena dtugtar aitheantas d'obair phobail ar fud na Cathrach agus an Chontae.

## COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Tá **CCP** forghníomhach ag Port Láirge atá ag dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla chun áit níos sábháilte do chách a dhéanamh de Phort Láirge. Seoladh Plean Straitéiseach an CCP 2018 – 2023 roimh an gcruinniú poiblí an 3 Meán Fómhair ag a raibh Josephine Feehily, Cathaoirleach an Údaráis Póilíneachta, i láthair. Lean Coiste Stiúrtha & Maoirseachta an CCP ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar chuspóirí Phlean Gníomhaíochta an CCP 2018. Chinntigh an coiste gur tugadh gníomhartha sa Phlean chun críche agus cheap siad Plean Gníomhaíochta do 2019.


## COMHAONTAS AOISBHÁ

Seoladh Straitéis Aoisbhá Phort Láirge 2017-2022 i mí na Nollag 2017. Chuir na naoi bhfoghrúpa théamacha a ceapadh chun gníomhartha a sainaithníodh i rith comhchomhairliúcháin phoiblí tús lena gcuid oibre go luath in 2018.

Leanadh leis an obair ar Chomhairle Sheanóirí Phort Láirge a cheapadh, rud a bheidh mar fhaisnéis chúlra d'obair an Chomhaontais. Tá sin le bheith i bhfeidhm go hiomlán go luath in 2019. Tagann comhaltaí **Chomhaontas Aoisbhá Phort Láirge** as go leor eagraíochtaí poiblí agus neamh-phoiblí, lena n-áirítear an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, Local Link, Cúram na Sean Dhún Garbhán, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge BOO Phort Láirge/Loch Garman.

## DEONTAIS D'FHÉILTE POBAIL

Lean an Rannóg Pobail ar aghaidh ag tacú le féilte pobail. Bhain naoi bhféile dhéag leas as caiteachas iomlán €61,700.













Íomhánna le caoinchead DigiCol

# SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

## FÉILE LÁ FHÉILE PÁDRAIG

An téama d'fhéile 2018 i gCathair Phort Láirge ná 'Our Viking Heritage'. Ghlac rannpháirtithe agus lucht tacaíochta go fonnmhar le hoidhreacht stairiúil Vadrafjord (Port Láirge), a bhunaigh na Lochlannaigh i 914. Shiúil an pharáid go croílár an Triantáin Lochlannaigh, thar an gclaíomh Lochlannach "Dragon Slayer" agus Túr Raghnaill mór le rá. D'ainneoin na drochaimsire, tháinig os cionn 35,000 duine amach chun tacú leis an mbreis is 40 grúpa, rud a chuir go mór le 'spiorad na Lochlannach'. Bhí clár iomlán gníomhaíochtaí ar bun agus lá iontach don teaghlach go léir a bhí ann.

## GRÚPA IDIRGHNÍOMHAIREACHTA AN LUCHT SIÚIL

Díronn an ghrúpáil seo de ghníomhaireachtaí reachtúla ábhartha agus de thionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ón Stát ar sheachadadh praiticiúil raon iomlán seirbhísí don Lucht Siúil a fheabhsú. Tá mar aidhm le **Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Phort Láirge** teacht ar bhealaí chun torthaí níos fearr a bhaint amach don Lucht Siúil agus feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as acmhainní arna gcur ar fáil ar fud ranna Rialtais do bhearta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Chas GILS Phort Láirge le chéile cúig huaire in 2018. I measc na dtorthaí/na ngníomhartha suntasacha bhí tacú le 'Traveller Genealogy Exhibition'. Thacaigh an grúpa idirghníomhaireachta le cur i láthair ó Thionscadal Forbartha Phobal an Lucht Siúil i bPort Láirge chuig an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ). Sa chur i láthair sin, tarraingíodh aird ar na riachtanais éagsúla sa phobal agus d'iarr maoiniú sonrach chun díriú orthu.

D'aimsigh an grúpa idirghníomhaireachta maoiniú do 'Chlár na Brataí Buí', a rolladh amach chuig trí scoil i bPort Láirge. Is tionscnamh forásach maidir le comhionannas agus éagsúlacht é 'Clár na Brataí Buí', clár do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a chuireann ilchultúrachas agus éagsúlacht chun cinn agus a thacaíonn leo.

## AN STRAITÉIS UM LÁNPHÁIRTIÚ IMIRCEACH

Go luath in 2018, bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Coiste Phort Láirge um Fhorbairt Pobail Áitiúil Tascghrúpa Idirghníomhaireachta chun freagra a thabhairt ar **An Straitéis Náisiúnta um Lánphairtiú Imirceach: ' Treoirphlean don Todhchaí'**. Tá na hÚdaráis Áitiúla freagrach as Fóram um Lánphairtiú Imirceach a bhunú agus as a straitéisí imirceach a nuachóiriú. I ndiaidh sainchomhairleoir a fhostú chun tús a chur le Fóram Imirceach, tionóladh cruinnithe tosaigh ar tugadh cuireadh oscailte ina leith i nDún Garbhán agus i gCathair Phort Láirge.

# SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

## COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL PHORT LÁIRGE (CFPÁ)

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Phort Láirge
Waterford Local Community Development Committee

Lean an **Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Phort Láirge (CFPÁ)**, arna bhunú ag an gComhairle, ag bualadh le chéile agus ag soláthar an ghné Phobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP). Déanann sin soláthar do chur chuige níos comhleanúnaí, sruthlínithe agus comhordaithe ar chláir forbartha pobail agus áitiúla. Bhuail an foghrúpa Feabhsúcháin Scileanna le chéile roinnt uaireanta chun machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na bearnaí scileanna atá ann agus d'eisigh tuarascáil ar an dul chun cinn/a torthaí. In 2018, lean foghrúpa an CFPÁ Sláinte agus Folláine le hobair an tionscnaimh Phort Láirge Sláintiúil. Le maoiniú ón gClár Éire Sláintiúil, ceapadh comhordaitheoir do Phort Láirge Sláintiúil i rith 2018 agus sheol an tAire Catherine Byrne an Plean Straitéiseach 2018-2021 an 7 Nollaig. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithnithe rialta ar chur i bhfeidhm an chláir SICAP atá á sheachadadh ag Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge faoi láthair.

Is ar an CFPÁ atá an phríomhfhreagracht maidir le caiteachas forbartha áitiúil a phleanáil agus a mhaoirsiú. Déantar ionadaíocht ar chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha ón rialtas áitiúil, ar ghníomhaireachtaí stáit, ar phobail áitiúla, agus ar leasanna forbartha, sóisialta agus eacnamúla ar an CFPÁ.

### 1. Cuimsiú Sóisialta

Bhí tionchar ollmhór i gcónaí ag an gCiste um Ghníomhachtú an Phobail i gCuimsiú Sóisialta (SICAP), arbh fhiú €1,098,446 é don Chathair agus don Chontae in 2018, ar phobail agus ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste. Tugadh cúnamh do 66 ghrúpa pobail áitiúil agus do 964 duine aonair.

Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge a sholáthraíonn an clár agus an CFPÁ a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn an phríomhchoiste agus an fochoiste SICAP.

### 2. Clár Forbartha Tuaithe 2014 – 2020 – buiséad €7,522,763

I rith 2018,rinne an CFPÁ, ag gníomhú mar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG), dul chun cinn ar sheachadadh na ngníomhartha forbartha áitiúla a ceadaíodh Straitéis Forbartha Áitiúil don phobal tuaithe.

- Tionóladh aon chruinniú dhéag
- Rinneadh tríocha trí íocaíocht le tionscnóirí tionscadal, dar luach iomlán €1,484,035.19

Bhain an geilleagar, an comhshaol agus an pobal leas as an tionscadal, agus cruthaíodh poist nua trí bhíthin thionscnaimh nua agus leathnú gnó.

66 GRÚPA POBAIL ÁITIÚIL

964 AN LÍON DAOINE A FUAIR CÚNAMH

11 AN LÍON CRUINNITHE A TIONÓLADH

33 AN LÍON TIONSC-NÓIRÍ A ÍOCADH

€1,484,035.19 SAN IOMLÁN

### Le linn 2018

- Bhí ceithre Ghlao Dírithe ar an bPobal maidir le tionscadail
- Tionóladh fiche cruinniú poiblí ar feadh an Chontae
- Rinneadh dul chun cinn ar cheithre thionscnamh oiliúna pobail.

# SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

## SPÓRT AGUS ÁINEAS

Ceann de phríomhchuspóirí CCCPLi ndáil le spórt ná an rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú ach tacú le saoráidí spóirt agus pobail ghníomhacha a chur chun cinn.

**154,368** CUAIRTEOIR AR ÁIS ARNA hOIBRIÚ AG ÚÁ IN2018

**16%** MÉADÚ

Tháinig ardú idir 13% agus 36 ar an líon úsáideoirí sna ceithre shaoráid spóirt.

## CLUB GAILF BHAILE LIAM

Williamstown GOLF COURSE

Tháinig ardú 22% ar an líon úsáideoirí agus ar an mballraíocht sa chlub gailf cathrach in 2018. Reáchtáladh dhá chlár 8 seachtaine dar teideal *'LadiesGetintoGolf'* sa samhradh agus i mí Mheán Fómhair. Tháinig ardú ar an líon ball ban i ndiaidh na gclár sin agus bunaíodh Club na mBan dá mbarr.

### 1. Ionad Spóirt Réigiúnach

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leis an uasghrádú ar an tsaoráid in 2018. Rinneadh uasghrádú ar na soilse raoin agus carrchlóis chuig soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh agus suiteáladh limistéir féachana. Tionóladh roinnt imeachtaí i rith na bliana, e.g. Cluichí Parailimpeacha an Oirdheiscirt, cluichí sacair idirnáisiúnta agus cluichí Chraobhchomórtas na Mumhan. Tháinig ardú ar líon na gclubanna a d'úsáid an tsaoráid gach lá chomh maith.

### 2. Halla Spóirt agus Saoráid Pobail Charraig Phiarais


Agus í ar oscailt ar feadh dhá bhliain anois, tá líon mór clubanna agus eagraíochtaí áitiúla ag úsáid na saoráide go leanúnach.

I measc na gclubanna tá:
- Club Cispheile Vikings
- Spóirt i ndiaidh na Scoile, NSCYP (sacar)
- Déise Dragons
- Damhsa na hÉireann & WomenontheMove

**36%** ARDÚ AR ÚSÁIDEOIR Í

### 3. Ionad Spóirt Dhún Garbhán

Tháinig ardú 30% ar an líon úsáideoirí in 2018. Thionóil seanghrúpaí agus grúpaí nua imeachtaí agus cruinnithe Ag Ionad Spóirt Dhún Garbhán. Tionóladh Craobhchomórtas Dornálaíochta Óige na Mumhan agus Corn Dornálaíochta Ceiltigh Idirnáisiúnta sa tsaoráid freisin.




## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT PHORT LÁIRGE AGUS COMHAIRLE CATHRACH & CONTAE PHORT LÁIRGE

D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le chéile go rathúil ar roinnt tionscadal le linn na bliana, ina measc Mol Spórt Phobal Charraig Phiarais, Seachtain Náisiúnta na Rothar, An tSeachtain Náisiúnta Áineasa agus an Lá Náisiúnta Súgartha. Thacaigh CCCPL le forbairt ar Phlean Straitéiseach CSPL 2018 - 2022.

## SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN

**890**
CUR I LÁTHAIR IN 2018

**15%**
ARDÚ AR 2017

**24**
AONAD NUA DO DHÍDEANAITHE CURTHA AR FÁIL IN 2018

**110**
DAOINE FÁSTA RANGAITHE MAR GAN DÍDEAN

Líon na ndaoine fásta rangaithe mar gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála

## STOC TITHÍOCHTA

**269**
Tionóntachtaí Nua

**5166**
Faoi úinéireacht CCCPL ag deireadh 2018

**314**
Teaghaisí seachadta faoi Atógáil Éireann

## TITHÍOCHT ÚÁ A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ

**98**
Teaghaisí folmha athchóirithe

**1,292**
Cigireachtaí in 2018 ar stoc tithíochta ÚÁ

**829**
Cigireacht ar theaghais phríobháideacha ar cíos Cigireachtaí Íoschaighdeáin

# TITHÍOCHT

## LIGEAN ROGHABHUNAITHE

Is modh é an Scéim Ligin Roghabhunaithe is féidir a úsáid chun maoin de chuid na Comhairle a leithdháileadh. Tugann sí níos mó rogha agus rannpháirtíochta d'iarratasóirí ar ceadaíodh tithíocht nó aistriú dóibh teach nua a roghnú.




Líon amharc ar leathanach: **68,047**

Maoin sealbhais a fógraíodh: **145**

Léiriú Spéise curtha isteach: **12,669**

Tionóntaí leithdháilte faoin LRB: **50%**

## DEONTAIS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA

**202** Iomlán na dtacaíochtaí deontais 2018


**84** Líon iarratasóirí a fuair deontas faoin Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

**102** Líon iarratasóirí a fuair deontas faoi Scéim na nÁiseanna Soghluaisteachta

**16** Líon iarratasóirí a fuair deontas faoin Scéim Oiriúnú Tithíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas

## TACAÍOCHTAÍ TITHÍOCHTA SOLÁTHARTHA IN 2018

1,230 TACAÍOCHT TITHÍOCHTA SOLÁTHARTHA IN 2018



Tionóntachtaí RAS = **2 - .1%**
Tionóntachtaí Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe = **32 –3%**
Cás Éigeandála do dhaoine gan dídean = **110 – 9%**
Leithdháiltí thionóntachtaí stoc sóisialta ÚA = **259 - 21%**


Deontais = **202 – 16%**
Ceannach Tionóntaí = **27 – 2%**
Iasachtaí Tí = **26 – 2%**

**572** TIONÓNTAÍ HAP

**46%** % Céatadán Tacaíochtaí Tithíochta

# TITHÍOCHT

## IARRATAIS TITHÍOCHTA




## SCÉIM CEANNAIGH DO THIONÓNTAÍ 2018

35 — Iarratas faighte

27 — Iarratas Ceadaithe

9 — Iarratas Diúltaithe

15 — Díolachán Déanta 2018

## IASACHTAÍ TÍ DO THITHÍOCHT ATÓGÁLA ÉIREANN

90 — Iarratas Faighte

26 — Iarratas Ceadaithe

37 — Iarratas Diúltaithe

# TITHÍOCHT

## MEASÚNÚ AR RIACHTANAIS TITHÍOCHTA 2018

| Líon iomlán líonta tí ar liosta feithimh amhail measúnú 2018 | 1117 | 100% |
|---|---|---|
| **comhdhéanta de** | | |
| Saoránaigh Éireannacha | 887 | 80% |
| Saoránaigh LEE | 191 | 17% |
| Saoránaigh Neamh-LEE | 39 | 3% |
| Duine aonair sa líon tí | 572 | 51% |
| Duine fásta aonair le leanbh/leanaí | 337 | 30% |
| Lánúin gan leanaí | 196 | 18% |
| Dífhostaithe | 629 | 56% |
| Fostaithe | 300 | 27% |
| Ioncam ón Leas Sóisialach amháin | 732 | 66% |
| Ioncam ó fhostaíocht amháin | 184 | 15% |
| Ag cónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos | 520 | 47% |
| Líon tí le riachtanas tithíochta ginearálta | 878 | 78% |
| Ag fulaingt riachtanais Fisiciúil/Céadfaí, míochaine, míchumais | 104 | 9% |
| Líonta tí de dhaoine gan dídean | 101 | 9% |
| Líonta tí de dhaoine den Lucht Siúil | 34 | 3% |

| Fad ama ar an liosta | | |
|---|---|---|
| Níos lú ná trí bliana | 568 | 51% |
| Trí go cúig bliana | 225 | 20% |
| Níos mó ná 5 bliana | 324 | 29% |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# CULTÚR FÁIS A CHRUTHÚ

# BUAICPHOINTÍ 2018


## NA CÉANNA Ó THUAIDH

Cheap Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an Scéim Pleanála do Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) na gCéanna ó Thuaidh i mí Feabhra 2018. Éilítear faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go mbíonn forbairt laistigh de SDZ a bheith de réir na Scéime Pleanála ábhartha agus go gcaitear cead pleanála a dheonú ar aon fhorbairt bheartaithe a mheastar a bheith ag comhlíonadh leis an Scéim Pleanála. Tá comhaontú déanta le forbróir príobháideach, Fawaz Alhokair Group, chun an limistéar ainmnithe SDZ a fháil agus chun os cionn 90,000 méadar cearnach d'fhorbairt úsáide measctha a sholáthar, de réir na Scéime Pleanála.

Chun an fhorbairt sin a éascú agus chun rochtain ar an láithreán a chumasú, déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge uasghrádú ar an mbonneagar mórthimpeall. Áireofar leis sin Mol Iompair agus Droichead Iompair Inbhuanaithe a chruthú. Tá tús curtha cheana féin leis na nósanna imeachta chun iarratas ar phleanáil a dhéanamh maidir leis na gnéithe éagsúla sin. Tá maoiniú i bpáirt faighte ag na hoibreacha bonneagair ón gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach arna riar ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ón gClár um Bearta Iompair Inbhuanaithe arna riar ag an Údarás Náisiúnta Iompair.







Nóta: Íomhánna táscacha iad na híomhánna uile thuas agus tá siad faoi réir ag athrú.

## SCÉIM UM ATHNUACHAN UIRBEACH LÁR CATHAIR PHORT LÁIRGE

Tugadh obair chun críche in 2018 ar chlár ollmhór athnuachana uirbí ina ndearnadh infheistíocht de bhreis is €17.3m i Lár Chathair Phort Láirge.

## FORBAIRT TUAITHE

Tá an Rannóg Forbartha Eacnamúla agus an Oifig Fiontair Áitiúil ailínithe go dlúth le Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge lena chinntiú go soláthrófar an Straitéis Forbartha Áitiúla, an clár LEADER agus roinnt tionscnamh forbartha tuaithe réigiúnach eile freisin. Tá roinnt tionscnamh soláthartha ag an gComhairle i bpobail thuaithe faoin tionscadal FLAG agus faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.

# FORBAIRT EACNAMÚIL

## BRATACH CHORCRA

Waterford's Purple Flag™

Is creidiúnú Órchaighdeáin í an **Bhratach Chorcra** lena n-aithnítear Port Láirge mar cheann scríbe sábháilte, fáiltiúil agus cairdiúil le bualadh le cairde ann, le cónaí ann agus le hobair ann. Ceann de phríomhfhealsúnachtaí na Brataí Corcra é comhoibriú agus mar sin, bíonn na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara go léir ag comhoibriú go dlúth le chéile. Bronnadh an Bhratach Chorcra mhór le rá ar Phort Láirge den chéad uair i mí Feabhra 2015 agus déantar athmheasúnú uirthi gach bliain in aghaidh dhianchaighdeáin ACTM (Association of City and Town Management) lena n-áirítear:

- Éagsúlacht agus tarraingteacht ionad siamsaíochta, áineasa, ealaíon agus cultúir
- Cé chomh fáiltiúil agus beomhar a mhothaíonn an chathair
- Cé chomh sábháilte atá an chathair le cuairt a thabhairt uirthi
- Glaineacht lár na cathrach agus an réimse poiblí
- A éasca atá sé taisteal chuig lár na cathrach agus thart thimpeall uirthi
- Láidreacht na comhpháirtíochta idir ghníomhaireachtaí agus gnólachtaí laistigh de chrios na Brataí Corcra

## GNÓ SA PHOBAL

Tionóladh **Gnó sa Phobal** i gcomhar le dhá Rang Idirbhliana as Coláiste na Maighdine i gCathair Phort Láirge agus bhí 48 scoláire rannpháirteach ann.

## FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Thacaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge le 27 féile agus imeacht tríd an Rannóg Forbartha, ar luach €1,064,308.



## FORBAIRT EACNAMÚIL

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

### IN 2017, THACAIGH OFA PHORT LÁIRGE LE FIONTRAÍOCHT, GNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA AGUS FÁS FIONTAIR AR NA BEALAÍ SEO A LEANAS:

**€619,883**
Ceadaithe i ndeontais Airgeadais

**25**
Líon gnólachtaí a fuair deontais airgeadais

**105** (1188 RANNPHÁIRTITHE)
Cláir Oiliúna

**17**
Fiontraí Óg páirteach sa #IBYE

**258**
Fiontraí a bhain leas as meantóireacht

**30** (IOMLÁN €60,132)
Scéim Dearbhán Trádála ar Líne


**14** (212 I LÁTHAIR)
Imeachtaí i rith Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla


**1023**
Scoláire rannpháirteach sa chlár fiontraíochta do scoláirí

**14**
as 14 iarbhunscoil agus bhunaigh siad micrifhiontair

# BAINISTIÚ LÁR NA CATHRACH AGUS NA MBAILTE






## PORT LÁIRGE

Leagtar amach i bPlean Bainistithe Lár Chathair Phort Láirge 2017-2020 fís Ghrúpa Bainistithe Lár Chathair Phort Láirge do lár na cathrach. Leagtar amach freisin sa Phlean an uaillmhian maidir le fás agus athghiniúint leanúnach lár na cathrach. Is iad bunchuspóirí an phlean feabhas a chur ar bheocht eacnamaíochta, bheogacht chultúir agus seasmhacht fhoriomlán lár na cathrach chun leasa dírigh ghnólachtaí agus cónaitheoirí atá i lár na cathrach cheana féin agus do cheantar ginearálta Phort Láirge. Bhuail Grúpa Bainistithe Lár Cathair Phort Láirge le chéile 5 huaire chun na gníomhartha a aithníodh sa Phlean Bainistithe do Lár na Cathrach a bhrú chun cinn.




## DÚN GARBHÁN

Bhí Grúpa Bainistithe Lár Bhaile Dhún Garbhán rannpháirteach i roinnt tionscnamh an-rathúla, nó tha-caigh leo, ina measc an bonn airgid a bhaint amach san Entente Florale.




## TRÁ MHÓR

Lean Grúpa Bainistithe Lár Bhaile Thrá Mhór de Phlean Bainistithe Lár Bhaile Thrá Mhór 2016 – 2018 a chur i bhfeidhm. Ghlac an Chomhairle le Scéim an Réimse Phoiblí agus fuair maoiniú URDF.

# TURASÓIREACHT





## RIAN GLAS NA nDÉISE

Tá an Rian Glas, a bhfuil gradam faighte aige, an-tarraingteach do chuairteoirí ón mbaile agus ó thar lear. Tá méadú ag teacht ar an tóir a bhíonn ar saoire siúlóide agus rothaíochta agus tá treochtaí tomhaltóirí ag dul i dtreo na dea-shláinte agus folláine. Thug 283,503 duine cuairt ar an Rian Glas in 2018.













## TAISPEÁNTAIS & SEÓNNA TRÁDÁLA

Bhí foirne ó Visit Waterford, Rian Glas na nDéise agus gnólachtaí i láthair ag roinnt seónna trádála agus taispeántais chun Rian Glas na nDéise agus gach rud atá le tairiscint ag Port Láirge a chur chun cinn. In 2018, cuireadh Rian Glas na nDéise chun cinn ag:

- Holiday World
- The Outdoor Revolution Show
- The Active Retired Show
- The Over 50's Show
- An Taispeántas Entente Florale
- An Fhéile Altogether Now

Thug an Chomhairle tacaíocht d'oifigí turasóireachta Thrá Mhór agus Dhún Garbhán freisin.

## TURASÓIREACHT

MUNSTER VALES

**An tionscnamh Munster Vales** – Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge páirteach i dtionscnamh margaíochta turasóireachta le Comhairlí Thiobraid Árann, Chorcaí agus Luimnigh. Dírítear ar shiúl agus ar ghníomhaíochta eachtraíochta sna ceithre sliabhraon, Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh, Sléibhte an Chomaraigh, Sliabh an Nóglaigh agus Bealach Eabhra.

Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

Lean an Chomhairle de bheith ag obair le **Fáilte Éireann** lena chinntiú go bhfuil láithreacht láidir ag Port Láirge i gcur chun cinn Seanoirthear na hÉireann.

### TURASÓIREACHT CHÚRSÁLA

Tá Port Láirge ina phort cuarda a bhfuil an-tóir air i measc cuideachtaí cúrsála le blianta anuas, agus longa ag stopadh i nDún Mór, Belview, agus ag na Céanna ó Thuaidh. Is geata tábhachtach é Port Láirge do phaisinéirí cúrsála chun aithne a chur ar chinn scríbe eile san Oirdheisceart.

### MÚSAEM NA SEOD PHORT LÁIRGE

Waterford TREASURES
THREE MUSEUMS IN THE VIKING TRIANGLE

In 2018, bhí ról ceannasach arís ag **Músaem na Seod Phort Láirge** i dtionscadal an Triantáin Lochlannaigh. Mealladh 88,072 cuairteoirí a d'íoc táillí chuig na trí thaitneamhacht ann, Eachtraíocht Réaltachta Fíorúla Rí na Lochlannach, Músaem na Meánaoise agus Pálás an Easpaig. Thug 4,214 cuairteoir nár íoc táillí cuairt air freisin. Thug 25,000 cuairteoir cuairt ar Thúr Raghnaill.

**10.3%** ARDÚ AR AN LÍON CUAIRTEOIRÍ IN 2018

**6.9%** ARDÚ NÁISIÚNTA

Ardú náisiúnta arnathaifeadadh ag Turasóireacht Éireann

**Tá taitneamhachtaí Mhúsaem na Seod Phort Láirge rangaithe ag Uimh. 1, Uimh. 3 agus Uimh. 7 ar TripAdvisor ar an liosta de 34 rud le déanamh (ar tháille agus saor in aisce) i bPort Láirge agus ag Uimh. 7 i measc 18 dturas i bPort Láirge.**

tripadvisor


The Viking Festival

Tá conarthaí ag Músaem na Seod Phort Láirge le 63 chuideachta cóiste.

In 2018, tháinig laghdú 12% ar fhóirdheontas Chomhairle Phort Láirge. €30,000 a bhí san ollbhrabús a rinne siopa an Mhúsaeim, ardú €9,000. Bhí Cairde Mhúsaem na Seod Phort Láirge in éineacht leis an Méara, an Comhairleoir Pat Nugent, in Washington i mí Aibreáin nuair a bhronn sé dealbh bhrád chré-umha Ian John Hearne, údar Bhunreacht na hÉireann, arbh as Port Láirge dó, ar Ambasáid na hÉireann. I gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Éire Ildánach, an Chomhairle Oidhreachta agus an Clár Fionnachtana, sholáthair Músaem na Seod Phort Láirge aon chaint agus ceardlann mhíosúil déag, dhá shraith de chainteanna ag am lóin ar díoladh amach go hiomlán iad, comhdháil, féile Lochlannach agus Seó Bóthair den scoth um Cháisc, a mheall 10,000 cuairteoir.

I mí na Nollag, ghlac an Méara earraí airgid Éireannacha ón 17ú agus ón 18ú haois, a bhfuil luach €2.9 milliún orthu, isteach sa bhailiúchán. Bhailigh an Músaem €102,000 ó Chairde agus lucht tacaíochta le haghaidh taispeántais nua agus bhronn Fáilte Éireann deontas €200,000 air chun 'The Story of Glassmaking' a fhorbairt i bPálás an Easpaig, le hoscailt in 2019.

Bhuaigh **Rí na Lochlannach** an Tionscnamh Údaráis Áitiúil is Fearr a thacaíonn leis an Turasóireacht.

# SEIRBHÍSÍ CULTÚIR



Sholáthair **Seirbhís Ealaíon Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge** raon seirbhísí i rith na bliana. Tugadh tacaíocht d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon le sraith iomlán sparánachtaí, dámhachtainí agus deontais ealaíon. Ina theannta sin, fuair Ionaid Ealaíon agus Féilte Ealaíon tacaíocht shuntasach ón údarás áitiúil. Cuireadh tús le 'Creat Comhoibrithe' i mbliana, comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon agus an Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach. An cuspóir atá aige ná aird a tharraingt ar na tosaíochtaí straitéiseacha comhroinnte don fhorbairt ealaíon, agus fís agus spriocanna comhroinnte a leagan amach thar thréimhse an chomhaontaithe seo.

Forbairt ollmhór do na hEalaíona a bheidh in oscailt dhánlann nua sa Cheantar Cultúir. In 2018, d'fhág an Oifig Ealaíon Dánlann Greyfriars agus cuireadh tús leis an obair athchóirithe ar an dánlann nua ina suiteálfaí Bailiúchán Ealaíne suntasach Phort Láirge agus an Oifig Ealaíon. Tionóladh raon taispeántas agus imeachtaí i rith na bliana in Ionad Ealaíon Sean-Teach an Mhargaidh, Dún Garbhán agus i nGailearaí Comhaimseartha Goma sa Chathair. Lean Ionad Cultúir Gharda Cósta i dTrá Mhór ag cur imeachtaí cultúir ar fáil.

## MUSIC GENERATION PHORT LÁIRGE

Ba í seo an chéad bhliain do Music Generation Phort Láirge. Is cuid de Chlár Náisiúnta Oideachais Cheoil na hÉireann a chuireann athrú ar shaol leanaí agus daoine óga ach rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ceoil ar ardchaighdeán. Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Phort Láirge a bhainistíonn Music Generation Phort Láirge, faoi stiúir BOO Loch Garman agus Phort Láirge i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.







## SEIRBHÍSÍ CULTÚIR

### CEANTAR CULTÚIR PHORT LÁIRGE

Rinne Ceantar Cultúir Phort Láirge dul chun cinn ar chuspóirí a Phlean Gníomhaíochta (ar ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leo i mí na Nollag 2017) trí bhíthin raon tionscnamh. Chuir go leor tionscadal agus féilte cruthaitheachta agus pobail beocht ar Shráid Uí Chonnaill, ina measc Africa Day, PolskaÉire, Spraoi agus Harvest.

Cuireadh tús le Gairm Oscailte chun luachanna an Phlean Gníomhaíochta a léiriú, agus tugadh tacaíocht do shaothair chruthaitheacha ildisciplíneacha amhail “Snippets” le Core Creations, agus “It’s in the Blood” le Petra Kindler. Rinneadh dul chun cinn ar phleananna chun Mol Goir a oscailt sa Cheantar Cultúir agus forbraíodh moladh brandála críochnaithe i gcomhar le gnólachtaí, gairmithe cruthaitheachta agus cónaitheoirí i gceantar Shráid Uí Chonaill.



**Tá Ceantar Cultúir Phort Láirge páirteach in dhá thionscadal le maoiniú ón AE: D’éirigh le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maoiniú faoi Eoraip Ildánach a fháil don tionscadail “Mórphictiúir i bPobail” i gcomhar le Tionscadal na mBallaí agus dhá chathair AE (Heerlen, an Ísiltír agus Kaunas, an Liotuáin) & d’óstáil “Creative Spirits” – ag tacú le forbairt na dtionscal cruthaitheach agus cultúir i suíomhanna uirbeacha - 24 thoscaire as 9 gcathair Eorpacha i mí na Samhna 2018.**

Tionscadal na mBallaí
múrphictiúr leDan Kitchener (DANK)

www.waterfordculturalquarter.ie

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Soláthraíonn ár Leabharlanna líonra mór seirbhísí túslíne ar fud an Chontae lena gcuirtear spásanna agus faisnéis chultúir, foghlama, taighde, oideachais agus sóisialta ar fáil.

| Táscaire | Líon | Sprioc |
|---|---|---|
| An líon Cuairteoirí ar Leabharlanna Phort Láirge 2018 | 569,841 | Sprioc = 532,540 |
| An líon imeachtaí a thionóil Leabharlanna Phort Láirge in 2018 | 3,868 | Sprioc = 2,894 |
| Caiteachas bliantúil ar stoc in aghaidh an duine | €1.67 | Sprioc = €1.85 |
| An líon úsáideoirí WiFi | 148,877 | Sprioc = 34,584 |
| An líon seisiún Idirlín | 67,080 | Sprioc = 70,051 |
| An líon míreanna a eisíodh le haghaidh Leabhar | 431,355 | Sprioc = 401,547 |
| An líon míreanna a eisíodh le haghaidh Eile | 72,429 | Sprioc = 84,110 |
| An líon Íoslódálacha Closleabhar agus Ríomhleabhar | 19,325 | Sprioc = 14,088 |
| An líon íoslódálacha irisí | 10,786 | Sprioc = 6,306 |

## LEABHARLANNA AR OSCAILT

Seoladh seirbhís nua, **Mo Leabharlann Ar Oscailt** i nDún Garbhán. Cuirtear áiseanna staidéir agus úsáid raon teicneolaíochtaí féinseirbhíse ar fáil leis an tseirbhís nuálach seo, chomh maith le spásanna léitheoireachta agus cruinnithe ón 8r.n. - 10i.n. seacht lá na seachtaine, 365 lá sa bhliain.

Is féidir le baill Mo Leabharlann Ar Oscailt leabhair agus DVDanna a fháil ar iasacht nó a thabhairt ar ais ag bothanna féinseirbhíse nuair nach bhfuil baill foirne ann. Tá freagra dearfach tugtha ag an bpobal ar an tionscnamh agus táthar ag súil le hardleibhéal rannpháirtíochta mar gheall ar infheictheacht an bhrainse agus an rochtain uirthi a thugann 98 uair an chloig oibríochta sa tseachtain, uaireanta le agus gan baill foirne san áireamh. Reáchtálann Leabharlanna Phort Láirge rogha cainéal bríomhar agus eolasach ar na meáin shóisialta, ag roinnt nuachta ar Imeachtaí, Seirbhísí Leabharlainne agus bailiúcháin.

AR OSCAILT
8R.N. - 10I.N.
24/7 - 365 LÁ
SA BHLIAIN

**Tháinig ardú mór ar ár lucht leanúna ar na meáin shóisialta i mbliana.**

| | | |
|---|---|---|
| Facebook: 3,550 | Twitter: 4,610 | Instagram: 1,061 |
| Ardú 25% | Ardú 6% | Ardú 24% |

**Soláthraíodh raon éagsúil de 3,868 imeachtaí agus féilte i Leabharlanna Phort Láirge sna 12 leabharlann bhrainse (ardú iontach 34%).**

## ÁIRÍODH AR NA BUAICPHOINTÍ:

I mí an Mheithimh, **cheiliúir Leabharlann Phort Lách 30 bliain** de bheith ag freastal ar an bpobal áitiúil le Cóisir Breithlae le taibhiú ó Rang a 6, Scoil Náisiúnta Phort Lách. Labhair an Seanadóir Paudie Coffey agus Mary Butler T.D. ar luach na Leabharlainne do phobal Phort Lách.

Reáchtáladh **Clár Léitheoireachta Réaltaí Samhraidh** ó mhí Iúil go mí Lúnasa i Leabharlanna Phort Láirge mar chuid den Fheachtas Ceart Chun Cumais Léitheoireachta. Ghlac breis is 1600 leanbh páirt ann agus d'fhreastail 3204 leanbh ar imeachtaí éagsúla a reáchtáladh i rith an chláir dhá mhí.

Mar chuid de cheiliúradh na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta, chuir an Leabharlann Lárnach fáilte roimh dhuine de na staraithe is mó cáil in Éirinn, an tOllamh Diarmaid Ferriter, a labhair ar **"Occasions of Sin: Sex agus Society in Modern Ireland"**.

Cuireadh **Taispeántas ar Raidió Bradach in Éirinn** ar bun i Leabharlann Dhún Garbhán agus sa Leabharlann Lárnach. Taispeánadh nithe a thug cuntas ar stair an Raidió Bhradaigh in Éirinn i bPort Láirge.

Ghlac daoine ón bpobal áitiúil agus ó Chór Bealtaine páirt in **"A Dawn Chorus"** i Leabharlann Dhún Mór chun tús na **Féile Bealtaine** i Leabharlanna Phort Láirge a cheiliúradh. Féile náisiúnta ealaíon í seo a dhéanann ceiliúradh ar an gcruthaitheacht agus sinn ag dul in aois.

Tháinig tuismitheoirí agus caomhnóirí le chéile chun leabhair a chur faoi bhráid leanaí agus iad fíor-óg ag club ceannródaíoch i bPort Láirge, **Club Leabhar na bPáistí Brown's Road**.

## NAISC

Rinneadh tuilleadh forbartha ar chomhpháirtíochtaí agus ar chaidrimh oibre le grúpaí, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí le linn 2018.







D'éirigh le comhpháirtíocht Leabharlanna Phort Láirge le Garter Lane Arts Centre agus le Waterford Healing Arts Trust chun an **Fhéile Ealaíon & Folláine 2018** a reáchtáil. Tionóladh 25 imeacht éagsúla ar feadh an líonra 12 leabharlann bhrainse i 13 ionad ar fud an chontae. Bhí gach imeacht saor in aisce agus ghlac 935 duine páirt iontu.


Tionóladh an chéad ócáid **RISE** i Leabharlann Charraig Phiarais ar Lá Idirnáisiúnta na gCailíní ar an 11 Deireadh Fómhair. Leabharlanna Phort Láirge in gcomhpháirtíocht le Tionscadal Shona agus BEAT FM a d'fhorbair RISE (Meas, Spreagadh, Tacaíocht agus Cumhachtú sa Bhéarla) agus cailíní a spreagadh agus a chumhachtú an cuspóir foriomlán atá aige. D'fhreastail breis is 350 cailíní idirbhliana as iarbhunscoileanna ar fud Phort Láirge.

# IMEACHTAÍ

## NÁISIÚNTA

Tugann 'Work Matters at the Library' tacaíocht do chuardaitheoirí post, daoine ag athrú gairme agus gnólachtaí nuathionscanta. I rith 2018, rolladh amach oiliúint foirne agus reáchtáladh roinnt imeachtaí comhoibríocha, lena n-áirítear ceardlann ar Na Meáin Shóisialta don Ghnó agus láithreacht ag Aonach Eolais maidir le Poist & Oideachas.

Tá mar aidhm le hÉire Sláintiúil ag do Leabharlann feabhas a chur ar an bhfaisnéis sláinte i leabharlanna poiblí trí bhíthin stoc nua leabhar, ríomhleabhar, ríomhleabhar fuaime agus ríomhirisí ar shláinte agus folláine a sholáthar. Tionóladh 55 imeacht saor in aisce i rith na bliana a chuimsigh gach ábhar sláinte agus folláine agus ar ghlac 1,299 duine páirt iontu.




Dhírigh an **clár Ceart chun Cumais Léitheoireachta** ar thacaíocht do leanaí trí bhíthin raon leathan bailiúchán stoc théamúil agus baill foirne ardoilte a sholáthar. Áiríodh sa chlár imeachtaí agus gníomhaíochtaí:




17 n-imeacht in 12 bhrainse - 400 rannpháirtí




Os cionn 1600 leanaí rannpháirteach




Os cionn 30 imeacht agus 2500+ i láthair

## CLÁR ÉIRE ILDÁNACH I BPORT LÁIRGE

I ndiaidh bhliain an-ghnóthach agus an-rathúil in 2018, chríochnaigh an Fhoireann Chultúir an bhliain le seaimpíní cruthaitheachta a mholadh le haghaidh rolladh amach chlár Éire Ildánach do scoileanna, a chuirfear tús leis in 2019.

I rith 2018, bhuail an Fhoireann Chultúir le chéile 7 n-uaire agus rinneadh ionadaíocht orthu ag roinnt cruinnithe le hÉire Ildánach ar leibhéal náisiúnta. D'eagraigh an fhoireann an lá náisiúnta ceiliúrtha do leanaí agus do dhaoine óga i mí an Mheithimh (Cruinniú).

Bhain go leor eagraíochtaí ar fud an Chontae leas as maoiniú clár, scéim deontais faoi ghairm oscailte nó trí bhíthin bheith rannpháirteach sna ceardlanna faoi Fhoirne Uirlisí do Phobail Chruthaitheacha, a tionóladh i 7 suíomh ar feadh na Cathrach agus an Chontae i rith Dheireadh Fómhair/Samhain 2018. **Leithdháileadh líon iomlán de €44,000 ar dheontais faoin ghairm oscailte.**

## BAINISTIÚ FORBARTHA

**892**
Líon na n-iarratas Pleanála a fuarthas

**649**
Líon na n-iarratas Pleanála a deonaíodh

**56**
Líon na n-iarratas Pleanála a diúltaíodh

**19/29**
Líon na gcásanna inar dheimhnigh An Bord Pleanála an cinneadh

**10/29**
Líon na gcásanna inar fhreaschuir An Bord Pleanála an cinneadh

**765**
Cinntí déanta laistigh de 8 seachtain

**595**
Líon na n-iarratas réamhphleanála ar déileáladh leo

## FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

**169**
Líon na gcásanna ar thagair an tÚdarás Pleanála dóibh nó ar thionscain siad

**84**
Líon na gcásanna ar imscrúdaíodh agus ar dúnadh iad

**57**
Nósanna imeachta forfheidhmithe a ndearnadh le litreacha rabhaidh

**4**
Nósanna imeachta forfheidhmithe a ndearnadh le fógraí forfheidhmithe

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# BUNSRAITH LÁIDIR

# BAINISTIÚ MAOIN SEALBHAIS

Déanann an Roinn um Bainistiú Maoin Sealbhais bainistiú ar thalamh agus ar mhaoin (seachas tithe údaráis áitiúil) ar leis an gComhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad. Oibríonn an roinn le stiúrthóireachtaí éagsúla sa Chomhairle chun an úsáid is fearr a bhaint as Bunachar Talún na Comhairle agus faigheann na cearta talún agus maoine riachtanacha do thionscadail bhonneagair éagsúla na Comhairle.

## In 2018, áiríodh ar thionscadail na Rannóige Bainistithe Maoin Sealbhais:

Maoin a éadáil, a dhiúscairt agus a bhainistiú maidir le Ceathrú Cultúir agus Oidhreachta Phort Láirge. Tugadh éadáil phunann maoine ó Iontaobhaithe Ospidéal an Spioraid Naoimh sa Triantán Lochlannach chun críche i nDeireadh Fómhair 2012. Tugann an Roinn um Bainistíocht Mhaoin Sealbhais tacaíocht i gcónaí d'obair chomhlachta nua- bhunaithe, 'Viking Triangle Trust' i ndáil lena bhainistiú.

### IOMPAR / BONNEAGAR & FORBAIRT EACNAMÚIL

- Dearbhaíodh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh do na Céanna ó Thuaidh i mhí Dheireadh Fómhair 2018
- Éadáil leanúnach maoine sealbhais don Scéim um Athnuachan Uirbeach agus chun ionad siopadóireachta Shráid Mhichíl a éascú
- Ceartúcháin teorann éagsúla agus diúscairtí beaga tugtha chun críche ar fud na Cathrach agus an Chontae
- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun réadmhaoin a fháil i dTrá Mhór le haghaidh ionad lár an bhaile nua
- Síníodh conradh le haghaidh áis fóillíochta JUMPLANES sa Bhaile Beag
- Áitreabh faighte agus tugtha ar léas do BlackwaterDistillery sa Baile Dubh Uachtarach
- Éadáil réadmhaoine tugtha chun críche chun scéim faoisimh tuile bhóthar Dhún Garbhán go Cluain Meala R671 a éascú
- Éadálacha éagsúla tugtha chun críche chun leathnú bóithre agus bearta sábháilteachta a éascú

### POBAL/DEONACH/EALAÍONA

- Seanfhoirgneamh SERA tugtha ar léas chun Dánlann na Liathbhráithre a aistriú chuig Sráid Uí Chonaill.
- Tús curtha le próiseas chun léas nua a fháil do Leabharlann Ard Caoin
- Teach Fiontraíochta ar an tSráid Nua ligthe (i bpáirt) do Sheirbhísí Phort Láirge um Lánpháirtiú
- Teach Fiontraíochta ligthe (i bpáirt) do Líonra Phort Láirge um Míchumas
- Tús curtha le próiseas léasa do Ghrúpa Forbartha Pobail na hEaglaise

### TITHÍOCHT

- Faoi threallús an Rialtais Láir a chuir maoiniú breise ar fáil, fuair Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge 146 aonad le haghaidh stoc tithíochta
- Cuireadh tús le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh maidir le 41 teach tréighthe agus folamh agus don stoc tithíochta.
- Díoladh 40 réadmhaoin ruílse i rith 2018
- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun iarBhanc na hÉireann ar Shráid Parnell a fháil ar léas d'Ionad Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

### COMHSHAOL

- Cuireadh tús le próiseas chun iar-áis múirínithe ar Green Road Chathair Phort Láirge a dhíol
- Díolachán iar-Áis Athchúrsála, Seandún i nDún Garbhán tugtha chun críche

### MAPÁIL / BAINISTÍOCHT FAISNÉISE & DIGITIÚ UCM

Obair leanúnach leis an Údarás Clárúcháin Maoine (Clárlann na Talún am dá raibh) chun feabhas a chur ar eolas frithpháirteach ar thaifid bhanc talún Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Bhí Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar an gcéad Údarás a d'iarr sonraí faoi úinéireacht dhigiteach ón UCM. Déanann an Rannóg um Bainistíocht Maoin Sealbhais iniúchadh i gcomhar le Comhordaitheoir GIS go leanúnach ar éifeacht chónascadh na Cathrach agus an Chontae ar thaifid an bhainc talún/mhaoin sealbhais atá á gcoinneáil ag an dá údarás, conas faisnéis a chur i láthair go digiteach agus conas córas bainistíochta oiriúnach a dhéanamh le haghaidh sin. Soláthraíonn na teicneoirí Bainistíochta Maoine Sealbhais áis luachmhar do gach stiúrthóireacht sa Chomhairle chun teidil/ úinéireacht a sheiceáil.

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN PHORT LÁIRGE



Déanann Seirbhís Dóiteáin Phort Láirge freagairt ar go leor cásanna éigeandála éagsúla agus déanann monatóireacht agus tugann comhairle maidir le sábháilteacht ó dhóiteán sa timpeallacht foirgníochta.

Tá líon iomlán de 137 duine fostaithe sa tSeirbhís Dóiteáin ar a n-áirítear Oifigigh, comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus páirtaimseartha, tacaíocht riaracháin agus briogáid de mheicneoirí. Tá deich gcinn de stáisiúin ag an tseirbhís faoi stiúir an Phríomh-Oifigigh Dhóiteáin.




Líon Stáisiún Dóiteáin




Líon daoine fostaithe sa tseirbhís

**GLAOCH DÓITEÁIN - 798**

**SEIRBHÍSÍ SPEISIALTA - 457**

**ALÁRAM BRÉAGACH - 196**




ACHAR AMA GO DTÍ TEACHT I LÁTHAIR



**5m 01sec** Comhraiceoirí ar Áirithíocht

**1m 12sec** Comhraiceoirí Lánaimseartha

**PLEANÁIL ÉIGEANDÁLA**

Forbraíodh Seomraí Comhordaithe Móréigeandála nua i Halla na Cathrach, Port Láirge.

Baineadh úsáid as struchtúir Bainistithe Móréigeandála le linn na dian-ócáide sneachta i mí an Mhárta 2018. Fuair **Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge** áiseanna réigiúnacha le freagairt a thabhairt ar líon ollmhór básanna agus rinneadh socruithe chun iad a úsáid.

**TINE A CHOSC**

Fuarthas 99 iarratas ar dheimhniúchán sábháilteachta ó dhóiteán in 2016 agus cuireadh an próiseas reachtúil ina leith uile i gcrích laistigh d'ocht seachtaine.




**RIALÚ FOIRGNÍOCHTA**

Feidhmíonn an Rannóg um Rialú Foirgníochta taobh istigh de Sheirbhísí Éigeandála agus tá sí lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Dún Garbhán. Tá sé de chúram uirthi feidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 2007-2015 a fheidhmiú.

**354** Cigireacht ar fhoirgnimh

**321** Fhógra Tosaithe Bailí

**236** Dheimhniú Críochnaithe




Dheimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

# COSAINT SHIBHIALTA

Is eagraíocht freagartha éigeandála deonach-bhunaithe í Cosaint Shibhialta. Is fórsa taca Í Cosaint Shibhialta do sheirbhísí éigeandála na líne tosaigh, m.sh. déileáiltear le himthosca dian-aimsire nó le cuardach ar dhaoine ar iarraidh agus bíonn gníomhaíochtaí tacaíochta pobail eile le déanaimh aici, m.sh. clúdach garchabhrach a sholáthar ag imeachtaí áitiúla agus náisiúnta. Feidhmíonn Cosaint Shibhialta ag leibhéal náisiúnta faoi choimirce na Roinne Cosanta agus soláthraítear seirbhís tríd an údarás áitiúil.

**135**
OIBRÍ DEONACH



**17**

Líon na gcleachtaí a rinneadh in 2018

**285**

Líon na ngníomhaíochtaí a rinneadh in 2018

## SAMPLA DE CHLEACHTAÍ

- Cleachtadh na Seirbhísí uile
- Cleachtadh Náisiúnta Réigiúnach, Loch Garman
- Cleachtadh Náisiúnta Réigiúnach, Cill Dara
- Cleachtadh Náisiúnta Cuardaigh, Baile Átha Cliath
- Cleachtadh Náisiúnta Gharda Cósta, Dún Mór
- Cleachtadh Réigiúnach Bádóireachta
- Cleachtadh na hAbha Móire
- Cleachtadh Cuardaigh Idirghníomhaireachta
- Cleachtadh an Ghlasbhealaigh
- Cleachtadh um Chumarsáid Raidió
- Cleachtadh um Fhliú Éanúil

## ÁIRÍODH AR DHUALGAIS

- Ceiliúradh ar Thrídhathach 1848 - 3 lá
- Féile an Fhómhair - 3 lá
- Winterval - 20 lá
- Duine ar iarraidh a lorg - 3 lá
- Féile Cheoil Daytripper - 3 lá
- Féile Bia Phort Láirge Thiar - 2 lá

**Thug an Chosaint Shibhialta freagra ar 128 misean iompair i rith na dian - ócáide sneachta i mí an Mhárta.**

# BÓITHRE

## OBAIR CHOTHABHÁLA AGUS FEABHSÚCHÁIN AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

**0.63**
Ciliméadair de Bhóithre Réigiúnacha Neartaithe

**3.418**
Cileaméadair de Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád Neartaithe

## OBAIR COTHABHÁLA & FEABHSÚCHÁIN AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

**10.13**
Cileaméadair de Bhóithre Réigiúnacha Neartaithe

**19.3**
Cilaméadair de Dhromchla Bhóithre Réigiúnacha Cóirithe

**17.43**
% de Bhóithre Neamh-Náisiúnta a nDearnadh Suirbhé Orthu

**0**
Líon na nDroichead a Deisíodh/ Athchóiríodh (Bóithre Réigiúnacha)

**25.15**
Ciliméadair de Bhóithre Áitiúla Neartaithe

**42.15**
Ciliméadair de Dhromchla Bhóithre Áitiúla Cóirithe

**1,500**
Ciliméadair Oibreacha Draenála ar Bhóithre Áitiúla & Réigiúnacha

**6**
Líon na nDroichead Deisithe/ Athchóirithe (Bóithre Áitiúla)




STOIRM EMMA
N25 ar an 3 Márta ag 8.54r.n.

## BÓITHRE // IMEACHTAÍ DIAN-AIMSIRE

# STOIRM EMMA

Stoirm Emma a thug léi na chéad stoirmeacha sneachta suntasacha chuig an gCathair agus an Contae tráthnóna Dé Máirt an 27 Feabhra agus maidin Dé Céadaoin an 28. Bhí tionchar ag an líon mór sneachta a thit Déardaoin agus Dé hAoine ar gach cuid den chontae. Bhí suas go 3 méadar sneachta in áiteanna agus níorbh fhéidir taisteal ar go leor den líonra bóithre. Rinne Rannóg na mBóithre ullmhúcháin don stoirm tamall maith roimh ré. Bhí dhá ionad rialaithe i bhfeidhm, ceann sa chathair agus an ceann eile i nDún Garbhán. Astu sin a rinneadh comhordú ar oibríochtaí ar an talamh agus a bunaíodh naisc chumarsáide leis na hinnealtóirí a bhí ag obair sna háiteanna sin agus leis an bhFoireann Dian-aimsire.

Baineadh úsáid as breis is 30 conraitheoir seachtrach chun cur le hacmhainní na Comhairle féin. Tugadh tosaíocht do sheirbhísí ospidéil agus do ghrúpaí leochaileacha eile ar fud an chontae. Bhí criúnna cothabhála innealra ar ghlao-dhualgas 24/7 le deisiú agus oibriú leanúnach an chlóis innealra a chinntiú. Mhair an glantachán ar feadh coicís eile ina dhiaidh sin agus rinne an stoirm damáiste nach bhfacthas riamh cheana don líonra bóithre.

### BÓITHRE

**200** Líon daoine a imlonnaíodh

**117** Líon meaisíní a úsáideadh

**2500** Tonna salainn a úsáideadh

**500** Tonna gainimh a úsáideadh

### AN FHOIREANN DIAN- AIMSIRE

**20** LÍON CRUINNITHE A TIONÓLADH I RITH AN IMEACHTA

**4** LÍON CÉIMEANNA SAN IMEACHT AR OIBRIGH AN FHOIREANN TRÍOTHU



BÓITHRE // IMEACHT DIAN-AIMSIRE

# STOIRM EMMA

## CUMARSÁID

**41**
Líon postálacha ar Facebook

**72,682**
Aimsiú Postálacha
(i.e. líon comhthiomsaithe daoine uathúla a chonaic postálacha)

**57,683**
Rannpháirtíocht
(i.e. líon comhthiomsaithe daoine uathúla a chliceáil ar phostálacha, a thug 'is maith liom' nó a roinn iad)

**75%**
Ráta Rannpháirtíochta

**82+**
Líon íomhánna a cuireadh leo
(Iarrachtaí aisghabhála, criúnna, éifeachtaí na stoirme etc.)

**25**
Tvuíteanna postáilte

**176,302**
Imprisin
(i.e. líon comhthiomsaithe uaireanta a chonacthas tvuít)

**6,207**
Rannpháirtíocht
(i.e. líon comhthiomsaithe uaireanta a ndearnadh tvuít ar bith a atvuíteáil, a lua, ar tugadh 'is maith liom' dó, etc.)

**52**
Comhráite
(níos mó ná 2 idirchaidreamh thall is abhus)

# HAISCHLIBEANNA A ÚSÁIDEADH:


#WATERFORD #STORMEMMA #SNEACHTA


MapAlerter

**65,799**
Ríomhphost faighte

**54,415**
Teachtaireacht SMS faighte

**5,911**
Fógraíocht ar Aip



# BÓITHRE

## SCÉIMEANNA UM FHEABHSÚ SÁBHÁILTEACHTA AR CHOSTAS ÍSEAL

Tugann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú don scéim seo inar féidir le húdaráis áitiúla oibreacha a dhéanamh atá ceaptha sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla. In 2018 thug an Chomhairle 11 scéim sábháilteachta ar chostas íseal chun críche ar fud an chontae ar chostas €276,088.

## SCÉIMEANNA UM FHEABHSÚCHÁN ÁITIÚIL

I ndiaidh roinnt blianta, thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú le haghaidh scéimeanna um fheabhsúchán áitiúil isteach arís in 2017. Leis an scéim seo, tugtar cúnamh deontais le haghaidh feabhsúchán ar bhóithre tuaithe neamh-phoiblí. Deonaíodh leithdháileadh iomlán €679,743 lenar éascaíodh 20 scéim in 2018. Sholáthair an Chomhairle na scéimeanna sin in achar gearr ama, chuig ardchaighdeán.

## CLÁR

Mar chuid de chlár foriomlán an Rialtais maidir le Forbairt Tuaithe, leithdháileadh maoiniú €528,840 ar an gComhairle faoin scéim **CLÁR** le haghaidh tionscadail bhonneagar ar scála beag i gceantair tuaithe ainmnithe inar tháinig an meath is mó ar an daonra. Cuireadh saoráidí sábháilteachta do scoileanna agus do phobail, lena n-áirítear soilse gealánacha scoile, uasghrádú ar mharcáil líne agus comharthaíocht rabhaidh ar fáil do phobail i gceantair ar ainmnigh an Chomhairle mar cheantair CLÁR iad.

**15**

**Líon scéimeanna tugtha chun críche ag an gComhairle in 2018.**

## PLEAN COTHABHÁLA GHEIMHRIDH

Mar chuid de Phlean Cothabhála Geimhrigh na Comhairle, tá mar aidhm ag an gComhairle freagra éifeachtach agus éifeachtúil a thabhairt ar íoslaghdú a dhéanamh ar an drochthionchar a bhíonn ag sioc dian nó sneachta trom ar an líonra bóithre. Níl sé indéanta cóireáil a chur ar gach bóthar poiblí leis na hacmhainní atá ar fáil agus mar sin tugtar rátáil tosaíochtaí do na bealaí, idir 1 agus 3, bunaithe ar rangú bóthair, an líon tráchta agus tábhacht an bhealaigh. Scaiptear salainn ar bhealaí Thosaíocht 1 agus Thosaíocht 2 ar fholáirimh dian-aimsire a fháil. Scaiptear salainn ar bhealaí Thosaíocht 3 de réir fáil ar acmhainní. Oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 1 leatóir salainn buan- fheistithe agus 6 leatóir salainn is féidir a dhífheistiú, maille le feithiclí coimhdeacha chun clár na seirbhísí geimhridh a sholáthar. I gcás sneachta, feistítear céachta ar thosach an leatóra salainn. Cuirtear greanchloch ar fáil in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae le húsáid ag an bpobal le linn tréimhsí de shioc dian. Soláthraítear faisnéis cothrom le dáta maidir le coinníollacha bóithre sa Chontae le linn fíor-dhrochaimsir nó tréimhsí fada d'aimsir fhuar, a bhuíochas do láithreán gréasáin na Comhairle, agus fógraí raidió, foláirimh mhapa agus postáil ar na meáin shóisialta.





## BAINISTIÚ BRUSCAIR

ibal Irish Business Against Litter — ANTI-LITTER LEAGUE

**Rangaíodh Port Láirge san 8ú háit as 40 baile agus cathair a ndearnadh moltóireacht orthu.**

8/40

Bhronn IBAL trófaí criostail ar an gcathair chun moladh a thabhairt don gcathair ar a rathúlacht leanúnach i Léig Frithbhruscair IBAL.

Tá Cathair Phort Láirge ar cheann de na cathracha is glaine in Éirinn i gcónaí de réir an tsuirbhé náisiúnta is déanaí ar Léig Frithbhruscair Irish Business Against Litter.
Dúirt na moltóirí:

*"Tá Port Láirge – an chathair is glaine dá bhfuil againn, gan amhras – ag feabhsú i gcónaí i Léig Frithbhruscair IBAL agus an grád bruscair is airde faighte ag breis is trí cheathrú de na láithreáin a ndearnadh suirbhé orthu."*

## COMÓRTAS NA MBAILTE SLACHTMHARA

| 19 | €500 | BAILTE SLACHTMHARA ÓR | BAILTE SLACHTMHARA ARDMHOLADH | BAILTE SLACHTMHARA MOLADH |
|---|---|---|---|---|
| Líon grúpaí rannpháirteacha as Co. Phort Láirge in 2018 | Gradam Dianiarrachta Cluain Fhia Paorach | An Lios Mór | Baile Mhac Cairbre | An tSráidbhaile |

## ENTENTE FLORALE

ENTENTE FLORALE EUROPE

COMÓRTAS ENTENTE FLORALE AIRGEAD

Dún Garbhán

Ghlac Dún Garbhán páirt sa chomórtas Entente Florale agus bhain bonn airgid. Bronnadh Duais Chathaoirleach an Ghiúiré ar Dhún Garbhán freisin as Maolú ar an Athrú Aeráide 2018 do Rian Glas na nDéise.



# COMHSHAOL

## GLANTACHÁN NÁISIÚNTA EARRAIGH








- 89 glantachán déanta i mí Aibreáin
- 2018 – an 20ú bliain den ghlantachán earraigh
- Tionóladh seó bóthair an chósta ghlain chun pobail chósta a spreagadh aire a thabhairt dá líne chósta




Ghlac 180 oibrí deonach ó Sanofi páirt i nglantacháin trá ar 18 trá. Thacaigh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge leo trí bhíthin ábhair ghlantacháin a sholáthar agus málaí bruscair a bhailiú lena ndiúscairt.

## SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA GCRANN

Chuir daoine aonair, grúpaí teaghlaigh, scoileanna, grúpaí Bailte Slachtmhara agus pobail áitiúla 400 crann óg dúchasach mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na gCrann.



# OIDEACHAS & FEASACHT AR AN GCOMHSHAOL

## DRAMHAÍL A CHOSC



Deonaíodh maoiniú ar chomh-iarratas a rinne Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Loch Garman ar mhaoiniú do thionscnamh chun dramhaíl bia a chosc, faoi Líonra Údarás Áitiúil um Chosc (LAPN). Mar chuid den tionscadal Stop a Chur le Dramhaíl Bia, leithdháileadh ceardlanna agus seoladh físeán gearr beochana a léiríodh don tionscadal seo ar an 19 Eanáir. Taispeánadh é i bpictiúrlanna ar feadh 10 seachtain. Scaipeadh an físeán, i nGaeilge agus i mBéarla, ar na meáin shóisialta agus i scoileanna.



Féach an físeán 'Stop a Chur le Dramhaíl Bia' anseo:
https://bit.ly/2OyviNh

## DRAMHAÍL BIA A LAGHDÚ

- Cuireadh **Tionscnamh maidir le Dramhaíl Bia san Áit Oibre** i bhfeidhm i gcomhar le GlaxoSmithKline i nDún Garbhán
- Chuir Coiste Bailte Slachtmhara an Leasa Mhóir agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, i gcomhar le Stop a Chur le Dramhaíl Bia, **piastlann** ar fáil do Bhunscoil Bhóthar na Naomh i Lios Mór
- Múineadh **clár um Máistir-Mhúirineoir** do rannpháirtithe as Trá Mhór, Coill Mhic Thomáisín agus Port Lách
- Bhí **'Ceantar Glas'** ag an Rannóg Comhshaoil ag Féile Bia Phort Láirge Thiar i nDún Garbhán.
- Tionóladh **comórtas oideas** in Iarbhunscoileanna chun cosc ar dhramhaíl bia a chur chun cinn
- Tionóladh **imeacht athchúrsála cócaireachta** i nDún Mór

## MÍ NÁISIÚNTA ATH-ÚSÁIDE

- A Seoladh tionscnamh chun **buidéil phlaisteacha a bhaint** as gach cruinniú Comhairle
- Reáchtáladh **feachtais chupán ath-úsáide** i gcomhar le Coiste Bailte Slachtmhara an Leasa Mhóir agus le Coláiste Pobail Dhéagláin Naofa i gCoill Mhic Thomáisín chun an dá phobal a spreagadh cupáin a ath-úsáid agus úsáid chinn indiúscartha a laghdú
- Tionóladh ceardlanna maidir le faisean inbhuanaithe i gceithre iarbhunscoil.

## FEASACHT FRITH- DHUMPÁLA

Seoladh feachtas náisiúnta maidir le feasacht frith-dhumpála go luath i mí Mheán Fómhair agus é comhdhéanta de phostálacha ar na meáin shóisialta, físeán beochana 40 soicind le húsáid ar líne agus fógraí raidió.

## LÁ CHUN DRAMHAÍL GHUAISEACH TÍ A LEAGAN ISTEACH SAOR IN AISCE

D'óstáil Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Lá chun Dramhaíl Ghuaiseach Tí a Leagan Isteach Saor in Aisce ag Ionad Fóntas Poiblí Dhún Garbhán i mí Bealtaine. Bailíodh 7,442 kg de dhramhaíl ghuaiseach tí ar an lá. Tugadh pacáistí eolais don lucht freastail inar tugadh mionsonraí faoi mhalairt táirgí glantacháin atá níos fearr don chomhshaol agus eolas ar an tslí le spleáchas ar cheimiceáin gharraíodóireachta a laghdú.

## MAITHIÚNAS TOCHTANNA

Tionóladh lá maithiúnais do thochtanna i CAS Dhún Garbhán i mí Iúil.




## GHLAC 99 SCOIL PÁIRT I GCLÁR NA SCOILEANNA GLASA

- 12 naíonra
- 66 bunscoil
- 16 iarbhunscoil
- 3 bunscoil speisialta
- 1 Ionad Oideachais d'Aosaigh
- 1 grúpa óige/áis oideachais eile

## FORFHEIDHMIÚ

### DUMPÁIL NEAMHDHLEATHACH LENA N- ÁIRÍTEAR DRAMHAÍL FOIRGNÍOCHTA & SCARTÁLA

**96**
Fíneálacha bruscair eisithe

**2** CHÁS
Ina ndearnadh nó ina ndéanfar imeachtaí dlí a thionscain

**4**
Cigirí comhshaoil fostaithe

Rinneadh beart "rúnsiopaera" chun fianaise a fháil i gcás ina raibh duine ag bailiú dramhaíola go neamhdhleathach. D'fhógair an bailitheoir dramhaíola *"Man with A Van"* an tseirbhís ar na meáin shóisialta. I ndiaidh comhoibrithe idir **WERLA (An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola)** agus An Garda Síochána, tugadh feithicil chuig compún daingean lena himscrúdú agus tá ionchúiseamh an bhailitheora dramhaíola neamhdhleathaigh ar feitheamh.

### COMHLÍONADH BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA TÍ (LENA N-ÁIRÍTEAR ARAIDÍ DONNA)

Mar chuid de ghníomh comhordaithe le WERLA (An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola), rinneadh cigireacht ar mhórbhailitheoir dramhaíola tí a bhí ag obair i bPort Láirge chun comhlíonadh le rolladh amach araidí donna in áiteanna de bhreis is 500 duine ar fud réigiún an oirdheiscirt a chinntiú.

**35**
Chigireacht ar bhainistiú dramhaíola tí

**34**
Litir rabhaidh eisithe

**2**
Treoir Alt 14 eisithe

**5**
Treoir Alt 18 eisithe

**26**
Treoir Alt 55 eisithe

### FEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE

Go luath sa bhliain, sainaithníodh roinnt oibríochtaí briste carranna ar scála beag trí chomhoibriú WERLA ar fhógraí a fheiceáil ar Done Deal agus ar Adverts.ie.

**19**
dTreoir eisithe faoi alt 14 den Acht um Bainistiú Dramhaíola

**22**
Fhógra Íocaíochtaí Seasta eisithe faoi rialachán 33

**1**
Ciontú faighte i leith chóiriú neamhúdaraithe fheithiclí a raibh a ré caite

**17**
Líon allmhairí feithiclí amhrasta a sainaithníodh agus a scrúdaíodh in 2018

Tháinig ardú ar an líon áitreabh cláraithe leis an scéim comhlíonta ó 1 to 6 mar thoradh ar an iarracht fhorfheidhmithe seo.

# BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA // FORFHEIDHMIÚ

**TFT MAIDIR LE BOINN (TIONSCNAMH FREAGRACHTA TÁIRGEORA)**

Bhain Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge comhlíonadh 100% amach le ballraíocht áitreabh bonn.

**RIALACHÁIN MAIDIR LE BREOSLA SOLADACH – FORFHEIDHMIÚ 'GHUAL TOITEACH'**

**61** – Chigireacht bhreosla sonraithe

**2** – Fhógra íocaíochtaí seasta eisithe

**FORFHEIDHMIÚ RIALACHÁN MAIDIR LE HASTUITHE GAL PHEITRILIAM**

**26** – Láithreán neamhchomhl-íontacha amhrasta scrúdaithe

**14** – Litir rabhaidh eisithe

**FROM 14 TO 27** – Ardú ar líon áitreabh i gcomhlíonadh leis na rialacháin

**CIGIREACHTAÍ MAIDIR LE RIALÚCHÁN PHÉINTEANNA MAISITHE & TUASLAGÓIRÍ**

- 4 chigireacht ar thirimghlantóirí eisithe agus 11 chigireacht ar bailchríochnaitheoir feithiclí déanta; 2 agus 16 litir rabhaidh eisithe faoi seach.
- Ardú ó 4 go 10 ar áitribh chomhlíontach faoi rialacháin thuaslagóirí.
- Ardú ó 5 go 15 ar bhailchríochnaitheoirí feithiclí comhlíontacha.

**CLÁR MONATÓIREACHTA AN AEIR CHOMHTHIMPEALLAIGH**

Chomhoibrigh an Chomhairle le clár monatóireachta an aeir chomhthimpeallaigh de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil trí bhíthin na feadáin NOX timpeall ar Chathair Phort Láirge a bhaint agus a chur ar aghaidh lena dtástáil, agus monatóir fíor-ama ar an aer comhthimpeallach i bPort Láirge a shuiteáil.


**CIGIREACHTAÍ NEAMHGHNÁCHA**

**Ardú os cionn 12% ar an líon iomlán gearán a fuarthas in 2018:**

**Bruscar**
(ardú 104)

**Dramhaíl (neamh-F&S)**
lena n-áirítear diúscairt agus dumpáil neamhdhleathach
(ardú 171)

**Dramhaíl (F&S)**
(catagóir nua)




**Torann**
(ardú 23)

**Aer agus Boladh**
(ísliú 8)

# CUR I LÁTHAIR PÁIRCEANNA & SPÁSANNA OSCAILTE





**143** CRANN CURTHA I bPORT LÁIRGE

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge béim faoi leith ar thionscnaimh chur crann ar fud an chontae. Cruthaíodh Taispeántais Bhláthanna Samhraidh freisin in Sallypark, Port an Chalaidh agus Cnoc an tSamhraidh sa Trá Mhór.

## Ar na buaicphointí bhí

### Páirceanna Cathracha & Spásanna Oscailte

**55** CRANN LEATHAIBÍ
Curtha ar fud páirceanna & eastát cónaithe

BAINT FÉIR ÓN gCEANTAR MOINÉIR
Tionscnamh bithéagsúlachta Pháirc Dúlra Chill Bharra

### Cur i Láthair Thrá Mhór


**30** CRANN LEATHAIBÍ
Curtha ar fud eastát cónaithe agus an Chuarbhóthair

### Cur i Láthair Dhún Garbhán

**58** CRANN LEATHAIBÍ
Curtha ar fud ár bpáirceanna; spásanna poiblí agus eastát cónaithe

**40** HEICTEÁR
Spásanna féir oscailte cothabháilte agus bainistithe go hinmheánach

**2** HEICTEÁR
Spásanna féir oscailte cothabháilte mar cheantair chluainte bláthanna fiáine



# ATHCHÚRSÁIL





**2**
Ionad Fóntas Poiblí

**64**
Ionad Fág Anseo curtha ar fáil

**2,322 TONNA**
Gloine bailithe

**117 TONNA**
Teicstílí bailithe

## RIALÚ MADRAÍ

8,362
LÍON IOMLÁN CEADÚNAS EISITHE IN 2018

8,279
CEADÚNAIS BHLIANTÚLA

63
CEADÚNAIS SAOIL

20
CEADÚNAIS GHINEARÁLTA

*Is ionann sin agus ardú 25.14% ar an líon iomlán ceadúnas a eisíodh in 2017.

## PÓNA MADRAÍ

329
Madra sa phóna

83
Tógtha ar ais

242
Baile nua faighte

4
Eotanáisithe

1%

## RIALÚ CAPALL

28
Líon capall tógtha

3
Tógtha ar ais

1
Baile nua faighte

24
Eotanáisithe

## SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Rinneadh iniúchtaí tráthrialta faoin gcóras um fhaireachais sábháilteachta bia, cigireacht feola réamh-bháis agus iarbháis, iniúchtaí ar mharú agus leas ainmhithe, lipéadú, inrianaitheacht, iniúchtaí oiliúint foirne agus sláinteachais phearsanta i rith na bliana i gcomhréir leis an gconradh seirbhíse a ceanglaíodh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Maidir le gnólachtaí bia faoi mhaoirseacht bhí 7 n-áitreabh ceadaithe (4 áitreabh seamlais cheadaithe agus 3 áitreabh próiseála feola) agus 5 ghnó/fheithicil fheola chláraithe. Rinneadh cigireacht ar 68 áitreabh/fheithicil agus bailíodh 171 sampla (do pharaméadair micribhitheolaíochta, iarmhairtí leighis tréidliachta, breiseáin bhia, eitinn bhólachta agus an scráibeach.) San áireamh le misin iniúchta an Choimisiúin Eorpaigh ar Éirinn le DG Santé F i ndáil le bianna réidh le hithe, bhí cuairt ar áitreabh próiseála feola ceadaithe i bPort Láirge ar an 25 Aibreán 2018.

68
gCigireacht ar áitreabh/fheithiclí

171
SAMPLA TÓGTHA
(do pharaméadair micribhitheolaíochta, iarmhairtí leighis tréidliachta, breiseáin bhia, eitinn bhólachta agus an scráibeach)

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS AR AN gCOMHSHAOL

**8**
IARRAIDH FAIGHTE IN 2018

**1** DEONAITHE

**2** DEONAITHE I bPÁIRT

**5** DIÚLTAITHE

**1** TARRAINGTHE SIAR

i ndiaidh athbhreithniú inmheánach

## GINEARÁLTA

In 2018, lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar aghaidh ag úsáid Teicneolaíocht na Faisnéise chun ár seirbhís don phobal a fheabhsú agus chun tacú le próisis ghnó inmheánacha na comhairle. Díríodh níos mó ar sheirbhísí digiteacha agus bhain an Chomhairle úsáid rathúil as ardán An Post, Licences.ie, le haghaidh seirbhísí ar líne éagsúla, lena n-áirítear an Measúnú Riachtanais Tithíochta reachtúil. Leis sin, sruthlíníodh an próiseas dár gcustaiméirí Tithíochta agus chuir feabhas ar éifeachtúlacht cúloifige.

Táimid fós ag úsáid ár gcórais **Bainistithe Caidreamh le Custaiméirí (CRM)** chun bainistiú a dhéanamh ar fhiosrúchán ó chustaiméirí seachtracha ag ár nIonaid Seirbhís Custaiméara agus ar phróisis ghnó inmheánacha. Cuireadh beagnach 7,000 cás custaiméara tríd an gcóras in 2018.

## SONRAÍ OSCAILTE

Tá mar aidhm leis an **Straitéis Náisiúnta Sonraí Oscailte 2017-2022** éiceachóras a chur ar bun le gur féidir leas a bhaint as poitéinseal Sonraí Oscailte. Léiríonn staidéir go bhfuil poitéinseal ag sonraí neamhphearsanta oifigiúil a fhoilsiú i bhformáid oscailte chun cinnteoireacht níos éifeachtaí agus soláthar seirbhísí éifeachtúil a bhrú chun cinn, chun fás eacnamúil a spreagadh, agus chun saoránaigh a chumhachtú chun ról gníomhach a ghlacadh maidir lena bpobal féin a fheabhsú. Dhá chroí-chuspóir leis an straitéis ná sonraí rialtais ardluacha a fhoilsiú i bhformáid oscailte, iad a chur ar fáil don phobal agus iad a dhéanamh ath-inúsáidte go héasca; agus bheith rannpháirteach le pobal leathan páirtithe leasmhara chun úsáid na sonraí chun leasa gach cuid den gheilleagar a chur chun cinn.

Tá Oifigeach Sonraí Oscailte na Comhairle ag obair le baill foirne ar feadh na heagraíochta i gcónaí, ag díriú ar phríomhthacair sonraí inmheánacha, ar chaighdeáin agus rialúcháin cháilíochta a chur i bhfeidhm agus ar a chinntiú go mbainfear an luach is fearr is féidir as na sonraí sin.

## GRÉASÁN & NA MEÁIN SHÓISIALTA



Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag forbairt a láithreachta ar raon cainéal meán sóisialta i gcónaí agus tá ardú ag teacht ar an lucht leanúna ar Facebook agus Twitter. Baineann roinnt rannóg leas as cainéil amhail Instagram agus YouTube freisin chun íomhá dearfach de Phort Láirge a chur in iúl. Tá feidhmíocht láidir ag ár bpríomh-láithreán gréasáin, **www.waterfordcouncil.ie**, freisin ó thaobh staitisticí, díriú ar fhaisnéis chothrom le dáta agus nuacht a bhfuil rochtain éasca uirthi.

## MAPALERTER

Cruthaíodh luach **MapAlerter** arís i rith Stoirm Emma ach an pobal a choimeád ar an eolas le fógraí faoi fholáirimh aimsire, dúnadh bóithre agus stopadh uisce, a bhain go sonrach le suíomhanna a eisiúint SAOR IN AISCE. Eisíodh líon iomlán de 75 foláireamh, agus iad comhdhéanta den chuid is mó de Foláirimh Bhóithre (51) agus Foláirimh Dian-Aimsire (12). Cuireadh feabhas ar MapAlerter le déanaí le mapa foláirimh a ndéantar uasdátú uathoibríoch air.

## FEABHSÚ LEANÚNACH




In 2018, rinneadh obair leanúnach i réimse an fheabhsaithe leanúnaigh a raibh mar aidhm léi sreabhadh oibre a shruthlíniú, dramhaíl a laghdú agus luach a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

Tá bunús maith curtha ar fáil aige chun athrú eagraíochtúil a bhrú chun cinn agus chun deachleachtas sa Chomhairle a chur chun cinn. Bhain an Rannóg Tithíochta agus an Rannóg Pleanála leas as obair an Fheabhsaithe Leanúnaigh in 2018 agus bhain an dá rannóg torthaí iarbhíre amach ó thaobh sábháil ama de bharr feabhsú agus caighdeánú próiseas, rud a lig don fhoireann díriú isteach ar obair lenar bhain luach níos airde.

# PORT LÁIRGE DIGITEACH

## LEATHANBHANDA

Tá ról láidir ceannaireachta ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ó thaobh tacú leis an infheistíocht seo le hoibreoirí teileachumarsáide agus í a chumasú, trína rannpháirtíocht le **clár líonraí snáthoptaice Leathanbhanda Chathair Phort Láirge & Dhún Garbhán** faoi Chlár Líonraí Achar Cathrach an Rialtais ar dtús agus ina dhiaidh sin trí bhíthin thionscnaimh amhail An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda.

## LÍONRAÍ ACHAR CATHRACH

Tá infheistíocht déanta ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i **Líonra Achar Cathrach (MAN)** snáth-bhunaithe i gCathair Phort Láirge agus i nDún Garbhán. Leis an MAN tugtar deis do ghnólachtaí ceangal le leathanbhanda ardluais agus spreagtar infheistíocht nua, cruthú post agus fostaíocht inbhuanaithe.

## OIFIGEACH LEATHANBHANDA

Tá **Oifigeach Leathanbhanda** na Comhairle i gcaidreamh le soláthróirí leathanbhanda a oibríonn sa Chontae i gcónaí agus le páirtithe leasmhara eile chun soláthar leathanbhanda i bPort Láirge a chinntiú.

## CATHRACHA CLISTE

Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge mar bhall d'**Fhóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste**, a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí do shaoránaigh, forbairt eacnamaíoch a chothú agus nuáil a chur chun cinn.

## WIFI POIBLÍ

Tá rochtain saor in aisce ar **Wi-Fi** ar fáil i lár na cathrach agus i ngach ceann de na leabharlanna brainse arna n-oibriú ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge. Tugtar deis do phobail áitiúla, mar sin, rochtain a fháil ar idirlíon ardluais go dtí go mbeidh leathanbhanda snáthoptaice leathnaithe chuig ceantair thuaithe. Tá sé beartaithe Wi-Fi saor in aisce a thabhairt d'áiteanna eile sa bhliain amach romhainn.

## COMHAIRLE DHIGITEACH

Soláthraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge raon seirbhísí digiteacha agus ábhar digiteach ar a láithreán gréasáin. Féadfaidh **teicneolaíochtaí digiteacha** éifeachtúlachtaí agus tuilleadh táirgiúlachta a sholáthar don Chomhairle trí bhíthin bealaí níos fearr le bheith ag obair agus féadfaidh siad an tseirbhís a chuirimid ar fáil dár saoránaigh a fheabhsú.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# CÚRSAÍ AIRGEADAIS

## RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL

| ACHOIMRE AR CHUNTAS IONCAIM | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €M | €M |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir | -7.1 | -7.6 |
| **Caiteachas don Bhliain** | 126.6 | 116.1 |
| Aistrithe chuig Cúlchistí | 3.7 | 3.6 |
| | **130.3** | **119.7** |
| **Ioncam don Bhliain** | | |
| Deontais Stáit | 45.6 | 36.3 |
| Earraí agus Seirbhísí | 36.6 | 36.6 |
| Cáin Maoine Áitiúil | 18.9 | 18.7 |
| Rátaí Tráchtála | 29.6 | 28.6 |
| | **130.7** | **120.2** |
| Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain | **0.4** | **0.5** |

| ACHOIMRE AR CHLÁR COMHARDAITHE | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 2,188.0 | 2,162.0 |
| Obair idir Lámha | 36.0 | 30.3 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 65.0 | 68.6 |
| Sócmhainní Reatha | 32.6 | 32.4 |
| Dliteanais Reatha | -37.6 | -42.8 |
| Fo-iomlán | **2,284.0** | **2,250.5** |
| Creidiúnaithe Fadtéarmacha | **-119.8** | **-125.1** |
| | **2,164.2** | **2,125.4** |
| **Ab ionann agus:** | | |
| Cuntas Caipitlithe | 2,188.0 | 2,162.0 |
| Obair idir Lámha | 31.4 | 26.4 |
| Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta | -6.7 | -7.1 |
| Iarmhéideanna Eile | -48.5 | -55.9 |
| Cúlchistí Iomlána | **2,164.2** | **2,125.4** |

## CLÁR ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHAIRLEOIRÍ Ó EANÁIR GO NOLLAIG 2018

| COMHAIRLEOIR | OILIÚINT | COMHDHÁLACHA |
|---|---|---|
| | € | € |
| An Comhairleoir Liam Brazil | - | 543.85 |
| An Comhairleoir Breda Brennan | - | - |
| An Comhairleoir John Carey (RIP September 2018) | 2,597.17 | 659.06 |
| An Comhairleoir Sharon Carey | - | - |
| An Comhairleoir Declan Clune | 467.81 | 407.03 |
| An Comhairleoir Joe Conway | 4,032.26 | 699.95 |
| An Comhairleoir Tom Cronin | 5,541.38 | 699.91 |
| An Comhairleoir John Cummins | 1050.37 | - |
| An Comhairleoir Davy Daniels | 2,032.35 | - |
| An Comhairleoir Declan Doocey | 135.00 | - |
| An Comhairleoir Pat Fitzgerald | - | - |
| An Comhairleoir Damien Geoghegan | 4,571.34 | 649.64 |
| An Comhairleoir Jim Griffin | - | - |
| An Comhairleoir Blaise Hannigan | - | - |
| An Comhairleoir John Hearne | - | - |
| An Comhairleoir Joe Kelly | - | - |
| An Comhairleoir Eddie Mulligan | 2,839.63 | 614.70 |
| An Comhairleoir Jason Murphy | 5,688.68 | 699.27 |
| An Comhairleoir Ray Murphy | 2,050.80 | 533.32 |
| An Comhairleoir Pat Nugent | 245.00 | 100.00 |
| An Comhairleoir Seamus O'Donnell | - | - |
| An Comhairleoir John O'Leary | 5,875.38 | 654.58 |
| An Comhairleoir Cha O' Neill | 5,006.56 | 615.60 |
| An Comhairleoir Michael J O' Ryan | 3,040.66 | 699.54 |
| An Comhairleoir Lola O' Sullivan | - | - |
| An Comhairleoir Seanie Power | 1,857.59 | - |
| An Comhairleoir John Pratt | 5,998.60 | 695.00 |
| An Comhairleoir Eamon Quinlan | 2,642.61 | 699.29 |
| An Comhairleoir Seán Reinhardt | 3,491.98 | 588.28 |
| An Comhairleoir Mary Roche | 135.00 | - |
| An Comhairleoir James Tobin | 3,070.43 | 699.29 |
| An Comhairleoir Siobhan Whelan | 135.00 | - |
| An Comhairleoir Adam Gary Wyse | - | - |
| **IOMLÁN** | **62,505.60** | **10,258.31** |

# COSTAIS & TINREAMH NA COMHAIRLE

## FREASTAL AR CHRUINNITHE COMHAIRLE

| COMHAIRLEOIR | LÍON IOMLÁN CRUINNITHE FREASTALAITHE 2018 | LÍON IOMLÁN CRUINNITHE A TIONÓLADH 2018 |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Liam Brazil | 33 | 38 |
| An Comhairleoir Breda Brennan | 32 | 38 |
| An Comhairleoir John Carey (RIP September 2018) | 17 | 22 |
| An Comhairleoir Sharon Carey | 3 | 3 |
| An Comhairleoir Declan Clune | 30 | 36 |
| An Comhairleoir Joe Conway | 27 | 38 |
| An Comhairleoir Tom Cronin | 30 | 34 |
| An Comhairleoir John Cummins | 29 | 34 |
| An Comhairleoir Davy Daniels | 31 | 34 |
| An Comhairleoir Declan Doocey | 33 | 38 |
| An Comhairleoir Pat Fitzgerald | 37 | 42 |
| An Comhairleoir Damien Geoghegan | 28 | 34 |
| An Comhairleoir Jim Griffin | 32 | 34 |
| An Comhairleoir Blaise Hannigan | 32 | 32 |
| An Comhairleoir John Hearne | 36 | 38 |
| An Comhairleoir Joe Kelly | 35 | 38 |
| An Comhairleoir Eddie Mulligan | 38 | 38 |
| An Comhairleoir Jason Murphy | 36 | 38 |
| An Comhairleoir Ray Murphy | 26 | 36 |
| An Comhairleoir Pat Nugent | 36 | 38 |
| An Comhairleoir Seamus O'Donnell | 30 | 34 |
| An Comhairleoir John O'Leary | 37 | 40 |
| An Comhairleoir Cha O'Neill | 34 | 42 |
| An Comhairleoir Michael J O'Ryan | 35 | 36 |
| An Comhairleoir Lola O'Sullivan | 28 | 35 |
| An Comhairleoir Seanie Power | 37 | 40 |
| An Comhairleoir John Pratt | 37 | 38 |
| An Comhairleoir Eamon Quinlan | 29 | 34 |
| An Comhairleoir Seán Reinhardt | 33 | 38 |
| An Comhairleoir Mary Roche | 27 | 37 D'éirigh as an 30 Samhain 2018 |
| An Comhairleoir James Tobin | 35 | 38 |
| An Comhairleoir Siobhan Whelan | 32 | 34 |
| An Comhairleoir Adam Gary Wyse | 23 | 34 |
| **IOMLÁN** | **1,018** | **1,163** |

* Áiríodh ar chruinnithe : Comhairle Iomlánach, Ceantar Bardasach & Cathrach, CPS agus CCP



# CATHAIR AMHÁIN
# CONTAE AMHÁIN
# PORT LÁIRGE AMHÁIN

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018